Roghanna

Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga

Laoise Ní Dhúda

Roghanna

Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga

Laoise Ní Dhúda

Glór na nGael Teo
Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co na Mí
www.glornangael.ie
www.udar.ie

An Chéad Chló 2014

ISBN 978-0-9568451-3-9

Údar: Laoise Ní Dhúda
Foilsitheoir: Glór na nGael Teo
Dearadh: Cillian Ó Mongáin
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Conamara

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Tá an t-ábhar sa liosta áiseanna, ar feadh ár n-eolais agus ár dtuisceana, cruinn ag tráth an chló. Cé go bhfuil gach iarracht déanta chun a chinntiú go bhfuil an t-ábhar chomh cruinn agus is féidir níl oibleagáid ar an bhfoilsitheoir de bharr aon earráide ná easnamh san ábhar foilsithe.

Intreoir 5
Réamhrá 6

Céim 1: Taighde - Céard í an staid reatha? 18
Céim 2: Plé - Céard atá uainn? 28
Céim 3: An Cur i bhFeidhm - Cén cineál idirghabhála is fearr? 36
Céim 4: Monatóireacht - Cén chaoi a bhfuil ag éirí linn? 44

M: Aidhmeanna Teanga Samplacha & Moltaí maidir lena bhfeidhmiú 50
M.1 Bainisteoir Teanga & Bainistiú an Phróisis 53
M.2 Cothú Teanga 55
M.3 Cumas sa Ghaeilge 56
M.4 An Chanúint Áitiúil &/nó Saibhriú Teanga 58
M.5 Seachadadh Idirghlúineach 60
M.6 Seirbhísí Tacaíochta Teanga 62
M.7 Úsáid na Gaeilge i measc na hÓige 64
M.8 Úsáid na Gaeilge i Réimsí Oideachais 67
M.9 An Tairiscint Ghníomhach & Tearmainn Teanga 69
M.10 Cinnirí Teanga 71
M.11 Feachtas Feasachta Teanga 73
M.12 An Tírdhreach Teangeolaíoch 75
M.13 Seirbhísí Stáit 76
M.14 Eaglais 78
M.15 Úsáid na Gaeilge go Sóisialta 79
M.16 Cothú an Phobail 81

Conclúid 83
Aguisín 1: Seicliosta do Phlean Teanga 86
Aguisín 2: An Cinnire Teanga 88
Aguisín 3: Réimsí na 6 Cheanneagraíocht Uile-Oileáin 90

Leabharliosta 91

Intreoir

Is é atá sa leabhar seo ná treoir agus múnla pleanála teanga, curtha le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh Ghaeilge an lae inniu. Is cúis áthais do Ghlór na nGael go bhfuil ar a chumas, i gcomhpháirt le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus le Foras na Gaeilge, treoirleabhar praiticiúil pleanála teanga, don ghníomhaire teanga a fhoilsiú den chéad uair in Éirinn. Ní leabhar trom acadúil atá ann, ach le stíl oscailte an údair, níl údarás acadúil in easnamh air. Is foilseachán é seo ar chóir a bheith in úsáid agus á phlé ag gach grúpa pobail Gaeilge sa tír. Gan pleanáil ní féidir tionchar a imirt ar thorthaí agus ó thaobh teanga de, cinntíonn agus dearbhaíonn dea-phleanáil todhchaí na Gaeilge.

Is foilseachán tráthúil é seo, agus an pobal ar thairseach céimeanna móra i stair na Gaeilge. Bainfear úsáid as chun infreastruchtúr na mbailte seirbhíse Gaeltachta a fhorbairt agus bainfear úsáid as, cinnte, le Líonraí nua Gaeilge a thógáil. Is uirlis atá sa leabhar seo dúinn uile atá ag obair ar son leas na Gaeilge, ar choistí, i ngrúpaí nó in eagraíochtaí earnáil na Gaeilge.

Thar ceann Ghlór na nGael, gabhaim buíochas leis an údar, an Dr Laoise Ní Dhúda, a rinne éacht oibre leis an leabhar a scríobh, le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a rinne éasca dúinn beatha a thabhairt don saothar seo agus d'Fhoras na Gaeilge a chuidigh linn ó thus an tionscadail.

An tUas. Pat Carey
Cathaoirleach
Glór na nGael
Iúil 2014

Réamhrá

Cad chuige an lámhleabhar seo?

Lámhleabhar eolais atá sa saothar seo chun cuidiú le coistí pobail, eagraíochtaí agus daoine eile ar mian leo díriú isteach ar phróiseas na pleanála teanga agus plean teanga a chur in oiriúint dóibh féin. Tá an lámhleabhar seo á chur ar fáil chun tacú le forbairt na pleanála teanga 'ar an talamh' i measc ilchineál pobal ar fud oileán na hÉireann.

Féachann an lámhleabhar seo le buneolas faoi chúrsaí pleanála teanga a chruinniú le chéile in aon saothar amháin. Cuntas léiritheach ábhartha ar bhunphrionsabail na pleanála teanga seachas plé mionsonraithe ar an réimse ar fad a bheidh ann. Roinnfear eolas maidir le modhanna agus gníomhaíochtaí na pleanála teanga. Tarraingeofar ar an obair mhór atá ar siúl ar son na Gaeilge le blianta fada chomh maith.

Cuirfidh an uirlis inúsáidte seo tacaíocht phraiticiúil ar fáil le go bhféadfar dlús a chur faoi phróiseas na pleanála teanga nó borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí pleanála teanga atá ar siúl cheana féin. Cur chuige daonlathach rannpháirtíoch fréamhaithe ag micrileibhéal an phobail a mholfar, atá tuisceanach ar chastachtaí, ar chigilteachtaí agus ar ghoilliúnachtaí réadúla na pleanála teanga.

Teastaíonn struchtúr cinnte idirghabhála agus tacaíochta chun an seans is fearr a thabhairt do phróiseas na pleanála teanga. Leagtar amach an struchtúr sin sa lámhleabhar seo, nuair a roinntear próiseas na pleanála teanga ina chéimeanna soiléire:

Léaráid 1: Céimeanna sa Phróiseas Pleanála Teanga



Roghanna seachas rialacha atá sa lámhleabhar seo agus ní mór do gach grúpa nó pobal a phlean teanga a mhúnlú chun a shástachta féin bunaithe ar a staid teanga agus a riachtanais reatha.

Tá gach cás éagsúil. Tá staid teanga faoi leith ag gach ceantar nó eagraíocht mar shampla. Beidh spriocanna teanga difriúla i gceist le gach ceann acu dá réir sin, cé go mbeidh na prionsabail agus na céimeanna céanna i gceist (féach léaráid 1). Níl aon réiteach simplí ar fáil ar fhadhbanna casta teanga áfach. Faoi mar a mheabhraíonn Romaine dúinn:

There is no one-size-fits-all solution for revitalisation and preservation (...) Every group must decide what can best be done realistically for a particular language at a particular time (2007:122).

Tá mé buíoch de Sheosamh Mac Donnacha, OÉ Gaillimh as leagan den léaráid seo a roinnt liom.

Is tréimhse an-chinniúnach í seo do chúrsaí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. Tá ábhar na pleanála teanga go mór i mbéal an phobail le blianta beaga anuas.

Mar shampla, luaitear an fhís seo a leanas i leith na Gaeilge sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030) 'úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil' (2010:5). Tá dualgas na pleanála teanga le haistriú chuig an bpobal faoi *Acht na Gaeltachta, 2012*, cuir i gcás, sa chaoi is go mbeidh sé gníomhach sa phróiseas as seo amach. Cé nach bhfuil straitéis oifigiúil rialtais i leith na Gaeilge nó acht teanga i dTuaisceart Éireann fós, táthar ag súil leis.

In ainneoin a laghad tacaíochta a shamhlaítear don Ghaeilge i measc dreamanna áirithe, tá pobail na Gaeilge an-ghníomhach ar fud oileán na hÉireann. Mar sin féin, níl saothar den chineál seo ar fáil i nGaeilge ná in Éirinn fós. Líonfaidh an lámhleabhar seo faoi phróiseas na pleanála teanga ag leibhéal an phobail bearna mhór sa réimse seo dá bharr.

An Phleanáil Teanga & An Plean Teanga

Úsáidtear 'pleanáil teanga' sa saothar seo chun tagairt do na gníomhaíochtaí a cheaptar chun dul i bhfeidhm ar iompar teanga, d'fhonn staid na Gaeilge a láidriú in áit nó i measc an phobail.

Córas idirghabhála atá sa phleanáil teanga dá réir sin, meicníocht chun plean teanga nó aidhmeanna teanga a fheidhmiú, mar shampla. Tarlaíonn an phleanáil teanga ag cúpla leibhéal difriúil, ag macraileibhéal an rialtais agus ag micrileibhéal an phobail, cuir i gcás (féach léaráid 4). Tagraíonn pleanáil teanga do phróiseas comhordaithe, nuair a bhíonn na páirtithe leasmhara ag gach leibhéal ag obair as láimh a chéile, ach ní gá gur fíor sin i ngach cás.

Úsáideann roinnt údar 'bainistíocht teanga' chun tagairt a dhéanamh do phleanáil teanga an lae inniu agus chun macallaí diúltacha stairiúla an téarma sin a sheachaint. Tá an-chúrsaíocht ag téarma na pleanála teanga i measc phobal na Gaeilge agus na meán cheana féin in Éirinn. Dá bhrí sin, úsáidtear 'pleanáil teanga' sa saothar seo, sa chiall is daonlathaí agus is rannpháirtí den téarma sin agus faoi réir mhúnla Spolsky, a phléifear sa chéad mhír eile.

Bhí pleanáil teanga ar siúl ar fud an domhain ó thús ama, ag ríthe, ag impirí agus ag cumhachtaí coilíneacha, cuir i gcás. Tá pleanáil teanga ar siúl in Éirinn le fada an lá freisin, ag rialtais, ag comharchumainn agus ag tuismitheoirí áirithe, mar shampla. In ainneoin sin, tá an phleanáil teanga réasúnta nua mar ábhar léinn. D'fhás an tsuim phoiblí agus acadúil sa phleanáil teanga go mór sna 1990í, de bharr leathnú an Bhéarla agus dul in éag mórchuid de theangacha dúchasacha na cruinne (Hornberger, 2006:24).

Tarlaíonn an phleanáil teanga i gcomhthéacs an-chasta go sochaíoch. Bíonn meascán d'fhachtóirí teangeolaíocha agus eile i gceist. Cuireann leithéidí Grin (2003), Webb (2002) agus Mac Donnacha (2000) leis sin agus meabhraíonn siad gur ghá breathnú ar inmharthanacht an phobail féin mar chuid den phleanáil teanga chomh maith (le plé in M.16):

For language planning to be successful, the long-term viability of the community expected to support the language has to be taken into account. This calls for activities which promote the economic viability of the community; ensure they have access to services such as education, health and social welfare; and develop the community's own sense of self-belief and esteem (Mac Donnacha, 2000:19).

Baintear úsáid as 'plean teanga' sa lámhleabhar seo chun tagairt don cháipéis scríofa ina bhfuil cur síos ar aidhmeanna teanga a leagtar síos chun gníomhaíochtaí teanga agus/nó an próiseas pleanála teanga a stiúradh (Swann et al, 2004:174).

Bunús Acadúil an Lámhleabhair Seo

Is iomaí cur chuige acadúil atá ann chun cur síos ar an idirghabháil a dhéantar i gcúrsaí teanga (Cooper 1989; Fishman 1991; Strubell 1996; Mac Donnacha 2000 agus mar sin de). Tá an lámhleabhar seo bunaithe ar mhúnla Spolsky i leith an pholasaí teanga (2004). Cuireann an múnla seo creatlach feiliúnach ar fáil chun an obair seo a stiúradh. Is dóigh le Spolsky gur chóir amharc ar an bpolasaí teanga ina thrí chuid, mar atá, cleachtas teanga, creideamh teanga agus bainistíocht teanga.

Míníonn Ó hIfearnáin go bhfuil cur chuige an pholasaí teanga níos daonlathaí agus ag teacht leis an bhforbairt sa tsochaí chomhaimseartha (2012:136). Faoin múnla seo, is gá go mbíonn an bhainistíocht teanga i dtiúin le cleachtas agus le creideamh an phobail. Is é sin go dteastaíonn leanúnachas idir cleachtas, creideamh agus na gníomhaíochtaí idirghabhála a cheaptar. Go teoiriciúil, braitheann rath na bainistíochta teanga ar a comhréir le cleachtas agus le dearcthaí an phobail nó ar an dinimic chomhlánaithe sin (2004:218/222).

Is gá iompar teanga an phobail a thuiscint i dtosach, chomh maith leis an gcomhthéacs ina bhfuil an teanga/an pobal sin ag feidhmiú, agus ansin an bhainistíocht chuí a cheapadh dá réir sin (Ó hIfearnáin, 2012:138-145) (le plé i gCéim 1). Tugann an cur chuige seo tosaíocht d'iompar teanga an phobail féin, seachas do mhianta na n-údarás pleanála nó do chumhacht lárnach amháin. Mar sin, tá spás sa mhúnla seo do gach grúpa a bhaineann leis an bpróiseas; na bainisteoirí agus an dream atá á bhainistiú araon.

Ag an am céanna, tuigtear dúinn ón múnla seo go dteastaíonn dhá rud don bhainistíocht éifeachtach (i) bainistiú na gcleachtas agus (ii) bainistiú na gcreideamh araon (le plé i gCéim 3).

Tá dhá rogha ann mar théarma oifigiúil Gaeilge ar language policy, 'beartas teanga' agus 'polasaí teanga' (www.focal.ie). Úsáidtear 'polasaí teanga' sa saothar seo ar mhaithe le soiléire, cé go bhfuil 'beartas' le sonrú i gcuid den litríocht freisin.

Léaráid 2: Múnla Spolsky (2004)



Tuaisceart Éireann

Daonra: 1,735,711 duine (3bl+)

Cumas sa Ghaeilge:
10.7%

Úsáid na Gaeilge in TÉ:
35% ar a son
29% ina coinne

Poblacht na hÉireann

Daonra: 4,370,631 duine (3bl+)



Cumas sa Ghaeilge:
40.6%

Cainteoirí laethúla:
13.7%

An Ghaeilge:
93% ar a son
7% ina coinne

Ceantair Ghaeltachta

Daonra: 96,628 duine (3bl+)

Cumas sa Ghaeilge:
68.5%

Cainteoirí laethúla:
39%



Daonáireamh na hÉireann 2011,
Daonáireamh Thuaisceart Éireann 2011,
Mac Gréil & Rhatigan 2009, DCAL 2012.

An Ghaeilge in Éirinn

Tá comhthéacs na Gaeilge in Éirinn ag athrú ó bhonn.

Tá an Ghaeilge fós mar phríomhtheanga an phobail in áiteanna áirithe (m.sh. tá c. 15% den limistéar oifigiúil Gaeltachta i gcatagóir A) (Ó Giollagáin et al, 2007). Tá páistí fós á dtógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.

Mar sin féin, ní féidir glacadh leis níos mó go n-úsáidfear an Ghaeilge go réamhshocraithe ('go nádúrtha') nó mar ghnáthnós, m.sh.

- tá c. 85% den limistéar oifigiúil Gaeltachta i gcatagóirí B agus C
- níl ach 13.7% de chainteoirí laethúla Gaeilge i bPoblacht na hÉireann
- tá cumas sa Ghaeilge ag 10.7% i dTuaisceart Éireann (Daonáireamh 2011).

Maireann formhór de chainteoirí Gaeilge an lae inniu i saol ina bhfuil an Béarla á labhairt go forleathan agus ina bhfuil cinneadh comhfhiosach nó rogha phearsanta á déanamh acu an Ghaeilge a úsáid seachas an Béarla.

Mar Eolas Duit: Ionchas i leith na Pleanála Teanga

Lena chois sin ar fad, ní miste a aithint agus a shoiléiriú go neamhbhalbh ag tús an tsaothair seo:

- ✗ Ní slaitín draíochta í an phleanáil teanga chun taoide an Bhéarla a chasadh gan stró. Níl aon draíocht ag roinnt le plean teanga ann féin ach oiread.
- ✗ Ní réiteach simplí uileghabhálach í an phleanáil teanga ar fhadhbanna casta teanga. Níl a leithéid de réiteach ar fáil.
- ✗ Ní féidir dul siar agus staid stairiúil theangeolaíoch a athshealbhú. Tá sé lochtach a bheith ag súil go bhféadfaí iompar teanga fadbhunaithe a athrú gan stró.
- ✗ Ní mór a bheith ionraic agus tomhaiste maidir leis an méid a bhféadfaí a bhaint amach ar son na Gaeilge. Tá dúshlán leanúnach ag roinnt le neartú na Gaeilge agus í faoi shíorbhrú ag teanga chumhachtach an Bhéarla.
- ✓ Próiseas mall céimnithe fadtéarmach atá sa phleanáil teanga.
- ✓ Tá obair chrua uaillmhianach go minic anróiteach mar chuid den phróiseas sin. Tugann Hinton 'superhuman task' air (2001:4).
- ✓ Tá rannpháirtíocht an phobail agus tacaíocht na n-údarás thar a bheith cinniúnach i bpróiseas pleanála teanga ar bith. Tá ról tábhachtach ag gach páirtí leasmhar agus ag gach duine sa phobal nó san eagraíocht, dála foireann peile (féach léaráid 4).
- ✓ Teastaíonn saineolas, acmhainní chomh maith le hinfheistíocht agus traenáil leanúnach mar chuid de phróiseas na pleanála teanga.

Cumhacht an phobail ach Freagracht an duine aonair

Tugann cur chuige Spolsky aitheantas do rogha agus do ról cumhachtach an duine aonair. Mar sin féin, níl aon dabht ach gur féidir le grúpa nó pobal (.i. dream gníomhach, dearfach, eagraithe, eolach) an t-uafás a bhaint amach má sheasann siad le chéile.

Meabhraíonn Huss dúinn nach féidir teanga a athneartú ná borradh a chur faoi chúrsaí teanga mura bhfuil an fhreagracht roinnte ar gach a labhraíonn í:

... if revitalization is desired on the part of the language community, it is both their right and their responsibility to work for that purpose; they can not expect anyone else to work for it for them (1999:15).

Céim ar chéim a thógtar na caisleáin .i. beagán ar bheagán, leis an oiliúint chuí, le próiseas struchtúrtha, le cur chuige céimnithe fadradharcach agus le comhoibriú gach duine, is féidir dul i bhfeidhm ar iompar teanga. Mar shampla, cinntíonn 1% dul chun cinn gach lá go mbainfear amach feabhas 365% faoi dheireadh na bliana.

Próiseas leanúnach síor-éabhlóideach atá sa phleanáil teanga agus is fiú taitneamh agus tairbhe a bhaint as an bpróiseas sin chomh maith.

Macraileibhéal

●● An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta
(.i. eagrais &/nó aireachtaí rialtais)
Ról maoirseachta & comhordaithe
Freagrach as feidhmiú na Straitéise
20 Bliain don Ghaeilge

● An Roinn Cultúr, Ealaíon & Fóillíochta
Níl straitéis oifigiúil rialtais i dTuaisceart Éireann go fóill

● An Roinn Oideachais & Scileanna
● An Roinn Oideachais (Tuaisceart Éireann)
(.i. eagrais &/nó aireachtaí oideachais)
Freagracht i dtaca le múineadh na Gaeilge, oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil (m.sh. *Acht Oideachais, 1998*, COGG, FNT, Coiste Gairmoideachais, Comhar Naíonraí na Gaeltachta srl.)

●● Foras na Gaeilge
(.i. áisíneacht trasteorainn don phleanáil teanga)
An Ghaeilge a chothú ar fud oileán na hÉireann
Feidhmiú *Acht na Gaeltachta, 2012* lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na hÉireann

● Údarás na Gaeltachta
(.i. áisíneacht stáit don phleanáil teanga)
Ról tacaíochta, comhairle & maoiniú a chur ar fáil
Feidhmiú *Acht na Gaeltachta, 2012* sa Ghaeltacht

● An Coimisinéir Teanga
(.i. seirbhísí stáit san earnáil phoiblí)
Freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*
(m.sh. seirbhísí stáit a bheith ar fáil trí Ghaeilge)
● Níl Acht Teanga in TÉ go fóill

●● Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Gaelscoileanna, Gael Linn, Cumann na bhFiann, Oireachtas na Gaeilge
(.i. 6 cheanneagraíocht uile-oileáin)
Ról tacaíochta: scéimeanna a reáchtáil, acmhainní & áiseanna a chur ar fáil srl. (féach Aguisín 3)

● Poblacht na hÉireann
● Tuaisceart Éireann

Micrileibhéal

Bainisteoir Teanga
(.i. comhordaitheoir oilte)
Duine ceaptha agus freagrach as (i) an próiseas pleanála teanga a eagrú, a stiúradh & a bhainistiú (ii) an Ghaeilge a chur chun cinn go córasach (le plé in M.1)

Coiste Stiúrtha Ionadaíoch
(.i. comhdhéanamh ionadaíoch ón gceantar feidhme, go tíreolaíoch &/nó ó pháirtithe leasmhara)
Coiste chun (i) tacú leis an mbainisteoir teanga (ii) an próiseas a fhorbairt agus a stiúradh go rannpháirtíoch féaráilte (iii) ionas go mbeidh guth an phobail idir óg & aosta lárnach sa phróiseas. (m.sh. 8-12 ball tofa)

Earnáil Stáit Áitiúil
(.i. seirbhísí stáit & oideachais)
Freagrach as seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil. Institiúidí oideachais freagrach as múineadh na Gaeilge. (m.sh. comhairle contae, seirbhísí sláinte, Gardaí, scoileanna srl.)

Eagraíochtaí Éagsúla Eile
(.i. gnólachtaí, eagraíochtaí sóisialta, pobail, deonacha, spóirt srl. ar fud an cheantair)
Scéim dheonach pleanála teanga ar fáil dóibh agus mar aidhm go mbeidh plean Gaeilge beo acu lena spriocanna teanga féin. (m.sh. siopaí, bialanna, club sacair, naíonraí, grúpa na mban srl.)

Duine Aonair
(.i. rogha, cumhacht, freagracht)
Rogha an duine (i) teanga an chomhrá a roghnú (ii) deiseanna úsáide Gaeilge a thapú nó a lorg (iii) páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga. (m.sh. tuismitheoir sa teaghlach)

Céim 1 - Taighde

1

Céard í an staid reatha?

The first step in language rescue must be an informative assessment of a language's current situation (Crystal, 2000:92)

Ní mór do gach grúpa/pobal a chúinsí féin a scrúdú sula dtéann siad i mbun ghníomhaíocht na pleanála teanga. Tá an measúnú agus an réamh-mhachnamh seo riachtanach chun tuiscint níos doimhne agus níos iomláine a fháil ar an bpobal agus ar a iompar teanga. Obair in aisce a bheadh ann aon mholtaí nó plean nua a cheapadh (i) gan an taighde cuí a dhéanamh roimh ré chun an staid reatha a mheas (ii) mura bhfaighfí tuiscint mhaith ar chomhthéacs an phobail iad féin i dtosach. Ní féidir aon phleanáil éifeachtach teanga a dhéanamh á uireasa (Ó hIfearnáin, 2012:132). Deimhníonn Dauenhauer agus Dauenhauer an tábhacht a ghabhann le measúnú ionraic a dhéanamh ar an staid reatha agus ar chreidimh theanga na ndaoine, le gur féidir moltaí réadúla a sholáthar:

This calls for an open, honest assessment of the state of the language and how people really feel about using and preserving it, replacing wishful thinking and denial of reality with an honest evaluation leading to realistic recommendations (1998:63).

Ní mór, mar sin, an measúnú seo a bhunú ar thaighde ionadaíoch, ar fhíricí meáite agus ar anailís chríochnúil:

- chun an staid reatha a mheas go beacht
- chun bunús a thabhairt don phróiseas pleanála teanga trí chéile
- ionas nach mbeidh an plean ná an próiseas bunaithe ar an réamheolas míchuí.

I dtuairim Spolsky, is gá go mbeadh tuiscint mhaith agat ar chleachtas agus ar chreideamh teanga an phobail sula ndéanann tú aon bhainistíocht teanga. Teastaíonn leanúnachas éigin eatarthu le gur féidir aidhmeanna réadúla insroichte ach dúshlánacha a leagan amach agus an bhainistíocht chuí a cheapadh dá réir sin.

Níl aon spás ann don áibhéil ná don bhréagadóireacht, a bhainfidh an bonn ar fad den phróiseas agus a chuirfidh le lagmhisneach, soiniciúlacht agus patuaire an phobail.

Céimeanna sa Phróiseas Taighde

Leagtar amach anseo thíos na céimeanna sa phróiseas taighde, i gcás na pleanála teanga ag leibhéal an phobail.

1. Ceantar Feidhme

Léirigh an limistéar pleanála teanga nó ceantar feidhme an taighde go beacht.

Más limistéar fairsing tíreolaíochta atá i gceist, moltar an ceantar a roinnt ina bhfocheantair riartha, ag cur an t-infreastruchtúr atá ann cheana féin san áireamh. Mar shampla, roinnt de réir na n-abhantrach bunscoile, ceantar comharchumainn, toghcheantar, paróistí agus mar sin de.

Ag brath ar acmhainní, amscála, méid an cheantair feidhme agus mar sin de, moltar tabhairt faoin bpleanáil teanga agus an taighde a ghabhann léi ag leibhéal chomh mion agus is féidir chun feasacht agus rannpháirtíocht a mhealladh.

2. Aidhmeanna

Mínigh cuspóirí an taighde.

Mar shampla, 'tá sé d'aidhm ag an taighde seo measúnú ionraic ionadaíoch a dhéanamh ar an staid reatha i gceantar X chun':

- cleachtas, creideamh agus bainistíocht teanga a scrúdú (m.sh. líon, aois, cineál na gcainteoirí Gaeilge, dearcthaí teanga an phobail, na socruithe reatha a chuireann nó a thacaíonn le húsáid na Gaeilge srl.)
- tuiscint mhaith a fháil ar an gcomhthéacs reatha teanga agus pobail
- spriocanna réadúla agus idirghabhálacha fónta a aithint
- an bhainistíocht chuí a cheapadh
- plean teanga oiriúnach a chur i dtoll a chéile dá réir sin.

3. Modheolaíocht & Modhanna Fiosrúcháin

Roghnaigh córas chun eolas a bhailiú faoin staid reatha.

Mar shampla, baineann an modh cainníochtúil úsáid as suirbhéanna, braitheann an modh cáilíochtúil ar rannpháirtíocht an taighdeora i bhfoirm agallaimh nó grúpaí fócais, úsáideann modhanna measctha téacs cáilíochtúil agus uimhreacha cainníochtúla araon.

Moltar modhanna measctha taighde a úsáid i gcás na pleanála teanga ag leibhéal an phobail mar iarracht léargas iomlán a thabhairt ar an staid reatha agus chun rannpháirtíocht na ndaoine a mhealladh.

D'fhéadfaí, cuir i gcás, leas a bhaint as staitisticí daonáirimh agus grúpaí fócais nó cruinnithe comhairliúcháin araon.

4. Eiticí & Rannpháirtíocht

Déan machnamh ar impleachtaí eiticiúla agus spiorad rannpháirteach an taighde.

Moltar taighde córasach rannpháirtíoch a dhéanamh sa chás seo, cur chuige féaráilte a úsáid, fiúntas an taighde a mhíniú do rannpháirtithe agus gan aon dochar a dhéanamh.

Ní mór an modh roghnaithe rannpháir-tithe, modh anailíse, clásal rúndachta a mhíniú agus mar sin de.

Braitheann ionadaíocht an taighde (agus na torthaí taighde dá réir sin) ar na rannpháirtithe. Is mithid a cheistiú mar sin: an seasann an taighde do gach cineál duine sa cheantar feidhme nó do sciar áirithe den phobal?

Moltar aghaidh a thabhairt ar gach cuid de 'mhuintir na háite' (lucht na Gaeilge agus an Bhéarla araon, mar shampla) agus iad a bheith rannpháirteach.

Is gá na páirtithe leasmhara ar fad sa phróiseas pleanála teanga a aithint agus a chur le háireamh sa taighde (féach m.sh. léaráid 4).

5. Plean Taighde

Leag amach clár oibre agus sceideal ama.

Cuir riachtanais phraiticiúla eile nó na rudaí a theastaíonn chun an taighde a chur i gcrích go sásúil san áireamh.

Mar shampla, costas agus maoiniú, fearas cuí a lorg, rannpháirtithe a earcú, áit shábháilte chun sonraí a stóráil, bileoga a chóipeáil, traenáil nó comhairle phroifisiúnta a lorg más gá agus mar sin de.

6. Réamhscrúdú

Déan iniúchadh ar an eolas ábhartha atá le fáil cheana féin chun:

- próifíl an cheantair a bhreacadh
- tuairim a fháil faoin staid reatha teanga agus comhthéacs an phobail
- bunús a thabhairt don taighde páirce.

Scríobh tuairisc faoi thorthaí an chíortha sin.

Mar shampla, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar staitisticí Daonáirimh, torthaí an mhórstaidéir Gaeltachta (Ó Giollagáin et al, 2007) agus cáipéisí eile a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha an cheantair agus mar sin de (féach m.sh. Ní Dhúda 2014, Walsh & Rowland 2009).

I measc na bhfoinsí luachmhara taighde atá ar fáil dúinn cheana féin i dtaca leis an nGaeilge tá
(i) Daonáireamh na hÉireann
(ii) Daonáireamh Thuaisceart Éireann
(iii) staitisticí Scéim Labhairt na Gaeilge
(iv) Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin et al, 2007).

Tá staitisticí daonáirimh an-úsáideach agus tá siad ar fáil saor in aisce ón suíomh (féach mar shampla http://census.cso.ie/sapmap/). Is féidir an-leas a bhaint astu mar thúsphointe chun blaiseadh a fháil den staid reatha. Is féidir mionstaitisticí logánta a fháil freisin ach bíonn na staitisticí sin ar fáil de réir toghcheantair, ní de réir pobail.

Tá leagan nuashonraithe den mhórstaidéar Gaeltachta ar na bacáin agus an saothar seo á scríobh; beidh sé ar fáil mar fhoinse chainníochtúil eile do mhuintir na Gaeltachta.

7. Feachtas Eolais & Poiblíochta

Eagraigh agus reáchtáil feachtas eolais agus poiblíochta i measc an phobail chun:

- muintir na háite a chur ar an eolas faoin taighde
- eolas a scaipeadh faoin bpróiseas pleanála teanga
- díospóireacht agus machnamh faoi cheist na Gaeilge a mhúscailt i mbéal an phobail
- deiseanna soiléire a thabhairt do dhaoine páirt a ghlacadh agus/nó aiseolas a thabhairt.

Moltar an taighde a fhógairt go soiléir agus go minic. D'fhéadfaí, mar shampla, bileog eolais a réiteach agus a sheoladh chuig na meáin áitiúla, póstaeir a chrochadh go háitiúil, scéala a scaipeadh ar na nuachtlitreacha áitiúla agus suíomhanna gréasáin áitiúla agus mar sin de.

8. Taighde Páirce

Déan taighde páirce chun eolas a bhailiú 'ar an talamh' nó i measc an phobail féin chun fairsingiú a dhéanamh ar thorthaí an réamhscrúdaithe (pointe 6).

Ag teacht le spiorad comhoibríoch na pleanála teanga, próiseas a bhraitheann go hiomlán ar rannpháirtíocht an phobail, moltar taighde páirce a dhéanamh go háitiúil chun deis shoiléir cainte agus aiseolais a thabhairt do mhuintir na háite iad féin.

D'fhéadfaí, mar shampla, cruinnithe a reáchtáil le páirtithe leasmhara, grúpaí fócais a reáchtáil le spriocghrúpaí agus/nó agallaimh aonair a chur ar dhaoine áirithe.

Is gá (i) fíorshoiléiriú a dhéanamh ar an eolas atá á lorg (ii) ceisteanna gearra sothuigthe a réiteach agus a thástáil sula gcuirtear dlús faoin gcéim seo (féach m.sh. ceisteanna samplacha lch 26).

9. Eagar & Anailís

Réitigh an t-ábhar ar fad a bailíodh don anailís.

Mar shampla, athscríobh na n-agallamh, eagarthóireacht ar nótaí taighde, anaithnidiú ar an eolas agus mar sin de.

Déan anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh.
Úsáid modh anailíse aitheanta nó incho-santa chun na críche sin. Mar shampla, códú oscailte, SPSS (féach m.sh. Creswell 2003; Bryman 2004).

Scríobh tuairisc bunaithe ar an anailís sin.
Tabhair na príomhthorthaí taighde go soiléir.

10. Ról an Taighdeora & An Cóimheá Cothromaíochta

Déan machnamh ar ról an taighdeora sa phróiseas trí chéile.

Maidir le réamhdhearcadh an bhainisteora, ní mór do thaighdeoirí agus/nó do bhainisteoirí tosú amach le haigne oscailte seachas aigne dhúnta. Is mó an seans go n-éireoidh leis an bpróiseas má bhíonn an dream sin cáiréiseach agus réadúil faoin méid is féidir a bhaint amach.

Moltar do thaighdeoirí muintearas a chothú le muintir na háite ach spás a aimsiú chun machnamh criticiúil a dhéanamh go leanúnach.

Is gá anailís chríochnúil a dhéanamh ar an taighde ar fad agus cothromaíocht a aimsiú idir:

- Taighde córasach rannpháirtíoch eiticiúil
- Toil an phobail, mianta na bpáirtithe leasmhara, anáil an choiste
- Torthaí taighde atá ionadaíoch, iontaofa, agus bailí.
- Claontaí, luachanna pearsanta agus proifisiúnta an taighdeora féin (féach m.sh. Ó Laoire, 2003:127).

Roinnt Ceisteanna Samplacha don Taighde Páirce

1. Cé chomh minic is a úsáideann tú Béarla le hais Gaeilge?

Saol Pearsanta:

Gaeilge	%
Béarla	%

San Eagraíocht seo:

Gaeilge	%
Béarla	%

2. Cén uair a labhraíonn tú Gaeilge?

Cén áit?	Cé leis?

3. Cén uair a labhraíonn tú Béarla?

Cén áit?	Cé leis?

4. Ar mhaith leat níos mó Gaeilge a labhairt?

Saol Pearsanta:

Ba mhaith	
Níor mhaith	

Eile:

Ba mhaith	
Níor mhaith	

5. Céard is féidir leat a athrú?

6. Déan cur síos ar do chumas sa Ghaeilge.
(m.sh. Gaeilge líofa, ag foghlaim, Gaeilge ar bith)

7. Céard atá uait i dtaobh na Gaeilge sa cheantar?

8. Céard iad na tacaíochtaí éagsúla atá ann don Ghaeilge sa cheantar?

9. Céard eile a theastaíonn chun úsáid na Gaeilge a mhéadú go háitiúil?

10. An bhfuil aon tuairim nó moladh eile agat maidir leis an bpróiseas pleanála teanga?

Céim 2 - Plé

2

Céard atá uainn?

Comhthéacs

Baineann an chéim seo le (i) dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara (ii) plé a dhéanamh ar thorthaí taighde (iii) aiseolas a bhailiú ina leith (iv) tosaíochtaí a aithint agus aidhmeanna a aontú (v) plean teanga a chur i dtoll a chéile dá réir sin.

Tugann Fishman 'soiléiriú idé-eolaíochta' ar an obair seo:

A frank and open exploration of the goals of any RLS activity (reversing language shift), as a prerequisite to planning (1991:394).

Tá cur chuige ón mbun aníos a thugann tosaíocht do mhianta agus do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, mar chuid lárnach den phleanáil teanga ag leibhéal an phobail:

... community involvement is the crucial element without which no long term revitalization is possible (Huss, 1999:23).

Comhairliúchán Poiblí

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an staid reatha, agus ag teacht le spiorad rannpháirtíoch na pleanála teanga, moltar próiseas comhairliúcháin phoiblí a chur ar bun go háitiúil chun plé stuama macánta agus machnamh fianaise-bhunaithe a chothú orthu seo a leanas:

- an staid reatha agus na príomhthorthaí taighde
- próiseas na pleanála teanga agus ról an phobail sa phróiseas sin
- fís, aidhmeanna teanga an phobail, amscála maidir lena bhfeidhmiú
- na chéad chéimeanna eile agus tosaíochtaí sa phlean teanga.

Cur chuige molta

Ag brath ar mhéid an cheantair feidhme, d'fhéadfaí, mar shampla, mórchruinniú poiblí nó sraith cruinnithe poiblí a reáchtáil do mhuintir na háite agus/nó cruinnithe comhairliúcháin a shocrú le hionadaithe ó pháirtithe leasmhara, aighneachtaí a lorg i scríbhinn agus mar sin de.

Caithfear áisitheoireacht éifeachtach a dhéanamh ar an gcumarsáid chigilteach mar chuid den phlé seo. Cíorfar ceisteanna conspóideacha maidir le cúrsaí teanga agus an próiseas pleanála teanga, ábhar a d'fhéadfaí a bheith íogair nó goilliúnach.

Moltar cur chuige cuiditheach measúil, cothrom na Féinne a thabhairt do gach tuairim agus an cur chuige gearánach, milleánach nó abhcóideach a sheachaint.

Is gá seasamh siar ó na mothúcháin agus anáil an bhreithiúnais, ionas go mbeidh an fócas ar na féidearthachtaí agus ar na haidhmeanna réadúla a aontú.

Beidh cumarsáid agus éisteacht i gceist, chomh maith le hathbhreithniú cuimsitheach ar an bplé agus ar an aiseolas ar fad, é a dhaingniú agus a chur le háireamh sa phlean.

D'fhéadfaí tréimhse chomhairliúcháin (m.sh. 3-6 mhí) a leagan amach le go mbeidh deis shoiléir ag pobal agus ag páirtithe leasmhara an cheantair moltaí agus tuairimí a sholáthar.

Moltar nótaí a bhreacadh i gcaitheamh an phróisis comhairliúcháin agus na moltaí ar fad a chruinniú le chéile in aon cháipéis amháin, ionas go mbeidh taifead scríofa ar fáil.

D'fhéadfaí áisitheoir proifisiúnta agus/nó saineolaí i réimse na pleanála teanga a earcú chun na cruinnithe comhairliúcháin a reáchtáil más gá.

Fís & Aidhmeanna Samplacha (le plé & le haontú)

1. Is ionann an fhís agus an mórchuspóir ginearálta atá le baint amach

.i. Cén sprioc atá againn i dtaobh na Gaeilge sa cheantar?

Mar shampla, 'ba mhaith le grúpa X, i gcomhpháirtíocht le muintir na háite agus le heagraíochtaí áitiúla, eolas agus úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú i gceantar Y go céimnithe thar Z bliain.'

Tugann an fhís seo bunús nó fócasphointe fadtéarmach don phróiseas trí chéile, chomh maith le spreagadh agus treoir fhollasach do rannpháirtithe.

2. Síolraíonn aidhmeanna teanga ón bhfís sin.

.i. Céard iad ár n-aidhmeanna teanga, chun an fhís a fhíorú agus/nó staid reatha na Gaeilge a láidriú? (le plé i mír M).

M.sh. úsáid shóisialta na Gaeilge a mhéadú i measc an aosa óig.

3. Ceaptar na bearta, nó na gníomhaíochtaí idirghabhála a phléifear i mír M, bunaithe ar na haidhmeanna sin.

.i. Céard a dhéanfaimid muid chun an aidhm sin a bhaint amach?

M.sh. club óige a fhorbairt le plean soiléir Gaeilge agus cinnirí teanga oilte.

4. Is gá machnamh a dhéanamh ar ghnéithe praiticiúla eile a chabhróidh le spriocanna teanga a chur i bhfeidhm (pléifear spriocanna teanga i gCéim 4).

.i. Céard eile a theastaíonn chun go mbeimid in ann ár spriocanna teanga a bhaint amach?

M.sh. traenáil foirne, fógraí Gaeilge, polasaí nua earcaíochta, cúnamh ó scátheagras nó ó cheanneagraíocht chuí agus mar sin de.

Luaitear an fhís seo a leanas i leith na Gaeilge sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 'úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil' (2010:5).

D'fhéadfaí an fhís sin a chur in oiriúint don cheantar nó don chás i gceist.

Cén fáth a dteastaíonn plean teanga uainn?

Tá tábhacht faoi leith ag baint le plean teanga scríofa aontaithe a réiteach mar chuid de phróiseas na pleanála teanga, chun, cuir i gcás:

- struchtúr eagraithe a chur ar an bpróiseas pleanála teanga
- an próiseas trí chéile a leagan amach agus a stiúradh.

I dtuairim Spolsky, bíonn an seans is fearr ag polasaí a thagann le fíorchleachtas agus le dearcthaí an dream atá á bhainistiú (m.sh. an pobal agus na páirtithe leasmhara), seachas le tuairimí na mbainisteoirí amháin (m.sh. an taighdeoir, an coiste stiúrtha).

Cur chuige molta

Ag cuimhneamh ar Spolsky, mar sin, tá sé riachtanach go n-úsáidtear an t-eolas a bhailítear ón bpobal i gcaitheamh an taighde agus an chomhairliúcháin chun tairbhe an phlean teanga.

Moltar don bhainisteoir teanga plean sainiúil don phobal a dhréachtú i bpáirt leis an bpobal féin agus faoi scáth an choiste stiúrtha.

Cuireann plean míréadúil nó plean siombalach le lagmhisneach, le hamhras an phobail agus le héidreoir an phróisis trí chéile.

Is gá go mbeidh comhaontú, tacaíocht agus glacadh leis an bplean i measc na bpáirtithe leasmhara ar fad.

Cuimsíonn plean teanga eolas i dtaca leo seo a leanas:

1. bunús acadúil na hoibre
2. an coiste stiúrtha
3. modheolaíocht
4. próifíl an cheantair feidhme
5. príomhthorthaí taighde
6. fís teanga an phobail
7. aidhmeanna teanga atá soiléir agus aontaithe
8. bearta céimnithe cuí agus amscála maidir lena bhfeidhmiú
9. spriocanna réadúla inmheasta
10. córas monatóireachta.

Os a choinne sin, tá sé an-doiligh cloí le plean amháin thar thréimhse ama. Ní mór, mar sin, go mbeidh go leor béime sa phlean ar an athbhreithniú rialta, agus solúbthacht sa chóras monatóireachta do leasuithe cuí bunaithe ar an athbhreithniú sin (le plé i gCéim 4).

Teastaíonn smaointeoireacht chomhleanúnach agus cur chuige seiftiúil dinimiciúil ach córasach do phróiseas ilghnéitheach síor-éabhlóideach na pleanála teanga.

Féach chomh maith seicliosta do phlean teanga (aguisín 1).

3

Cén cineál idirghabhála is fearr?

Comhthéacs

Baineann an cur i bhfeidhm nó an próiseas idirghabhála le (i) plean teanga a chur i bhfeidhm nó (ii) sraith idirghabhálacha a fheidhmiú chun dul i gcion ar iompar teanga mhuintir na háite d'fhonn staid na Gaeilge a láidriú sa cheantar feidhme.

Is mór an difear idir plean teanga agus próiseas feidhmiúil feidhmithe a chothaíonn rannpháirtíocht an duine. Dá bhrí sin, moltar tabhairt faoin bpróiseas idirghabhála (ní forghabhála) le fonn, le fuadar agus le ciall cheannaithe.

Mar sin féin, tá dúshlán i gceist toisc go mbraitheann an próiseas ar thoil agus ar rannpháirtíocht an phobail. Mar a mheabhraíonn Hinton:

It is only if an indigenous speech community itself desires and initiates efforts towards language survival that such programs should exist or would have any chance of success (2001:5).

Ina dhiaidh sin féin, tá réimsí éagsúla ann; comhthéacsanna foirmiúla poiblí (sa seomra ranga, ag plé leis an státchóras) agus comhthéacsanna neamhfhoirmiúla pearsanta (ciorcal cairde sa teach tábhairne) ina measc.

Go praiticiúil, tá teorainn leis an méid idirghabhála is féidir a dhéanamh i réimsí pearsanta an tsaoil (sa teaghlach, cuir i gcás), chun dul i bhfeidhm ar chleachtas príobháideach teanga nó spás pearsanta an duine. Leis sin, tagann castachtaí eile chun cinn nuair atá páirtí leasmhar náisiúnta i gceist (m.sh. an Roinn Oideachais).

Bainistiú na gCleachtas agus na gCreideamh Araon

Go teoiriciúil, cuimsíonn an cur i bhfeidhm dhá rud go príomha:

1. Bainistiú na gcleachtas (.i. úsáid teanga agus cineál na teanga sin)
2. Bainistiú na gcreideamh (.i. dearcthaí teanga, inspreagadh nó fonn)

Teastaíonn an dá rud in éineacht don bhainistíocht éifeachtach (.i. léaráid 2).

Sa chaoi chéanna, dar le Grin, braitheann úsáid teanga ar chumas, ar dheis agus ar fhonn a bheith in éineacht lena chéile (2003:43):

- Go dtugtar deis do chainteoirí an teanga a fhoghlaim
- Go dtugtar deis dóibh í a úsáid
- Go mbeidh fonn orthu í a fhoghlaim nó a úsáid (nó i gcomhthéacs na hidirghabhála go spreagtar daoine chun na deiseanna sin a thapú).

Go praiticiúil, is féidir deiseanna foghlama agus deiseanna úsáide a chruthú (m.sh. ranganna Gaeilge a eagrú, seirbhísí trí Ghaeilge a thairiscint) ach an cheist is cigiltí ar fad ná:

cén chaoi a gcruthaítear fonn nó cén chaoi is fearr daoine a spreagadh chun na deiseanna sin a thapú nó an Ghaeilge a úsáid?

Tá ceist an inspreagtha intrigh (nó fonn an duine) chun teanga a fhoghlaim agus a úsáid an-tábhachtach, go háirithe nuair a bhíonn cainteoirí dátheangacha i gceist, mar atá i gcás na Gaeilge, den chuid is mó (m.sh. duine dátheangach a shamhlaíonn rogha an Bhéarla a bheith níos éasca agus nós fadbhunaithe aige an Béarla a úsáid sa chomhthéacs áirithe sin).

Faoi mar a mhíníonn Walsh agus é ag tagairt do Strubell agus feidhmiú *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*, níor ghá go spreagfadh soláthar breise de

sheirbhísí Gaeilge (.i. deiseanna úsáide Gaeilge a chruthú) cainteoirí Gaeilge le ceapadh go bhfuil breis áisiúlachta sa Ghaeilge nuair atá na seirbhísí sin ar fáil cheana féin sa Bhéarla (2009:3).

Mar sin, bheadh sé lochtach a bheith ag súil go dtapófaí deiseanna úsáide Gaeilge i gcomhthéacsanna neamhchoitianta gan cheist nó gan spreagadh éigin, go mór mór mura bhfuil fonn láidir ar an duine sin i bhfabhar úsáid na Gaeilge cheana féin (ceapadh 'an tairiscint ghníomhach' ar an mbunús sin, le plé in M.9).

Tá deiseanna úsáide agus spreagthaí úsáide dlúthnasctha mar sin (.i. bainistiú na gcleachtas agus na gcreideamh araon).

Cur Chuige Molta

Moltar tabhairt faoin gcur i bhfeidhm go córasach rannpháirtíoch (i) ag leibhéal na n-eagraíochtaí (ii) ag leibhéal an duine aonair.

Is gá rogha shoiléir theanga a sholáthar, nó deiseanna úsáide atá soiléir agus tarraingteach a chruthú, ag súil le daoine a mhealladh chun na deiseanna a thapú más mian leo (m.sh. 'fáilte chuig oifig X, má tá tú ag iarraidh seirbhíse trí mheán na Gaeilge, brúigh uimhir a X le do thoil').

Moltar deis furasta ar ardchaighdeán agus spreagadh tarraingteach a chruthú go soiléir agus in éineacht (.i. an tseirbhís Ghaeilge ar fáil láithreach, gan aon deacracht nó breithiúnas agus ar comhchéim leis an tseirbhís atá ar fáil i mBéarla).

Deis Úsáide / Foghlama	Spreagadh Samplach
Seirbhís trí Ghaeilge a thairiscint do chustaiméirí	Rogha shoiléir theanga ar fáil go héasca agus gan aon deacracht
Club spraoi le polasaí soiléir Gaeilge ar fáil d'óige na háite	Comórtas Gaeilge le scéim duaiseanna a phlé agus a reáchtáil
Ceardlanna comhrá a reáchtáil go rialta go háitiúil	Líofacht sa Ghaeilge labhartha riachtanach chun post a fháil

Molann Huss, leis sin, rannpháirtíocht agus feasacht an duine aonair a spreagadh agus gach iarracht a dhéanamh an pobal a ghríosú i dtreo gnímh (m.sh. pléifear feachtas feasachta in M.11):

Consciousness-raising and realization that individual effort is needed are vital for a successful revitalization (1999:29).

An bealach is fearr chun nósmhaireacht teanga a athrú ná ar bhealach dearfach comhoibríoch, nuair a ghlacann gach duine freagracht as a iompar teanga féin (.i. deis shoiléir tharraingteach a thapú más mian leis).

Ag cuimhneamh ar Spolsky, moltar dul i bhfeidhm ar an staid reatha, oibriú leis an rud atá ag tarlú cheana féin, tacú le hiarrachtaí teanga atá ar bun, ach leasuithe nó idirghabhálacha a mholadh ag tarraingt ar an infreastruchtúr sin.

Mar shampla, cur le húsáid na Gaeilge i measc na bpáistí réamhscoile sa naíonra de réir a chéile, líon na scoláirí agus na gcinnirí a mhéadú gach bliain, gréasán Gaeilge a chothú timpeall ar an tacaíocht sin le himeacht ama (le plé in M.2, M.15).

Moltar breathnú i dtreo spásanna sábháilte nó 'tearmainn teanga' a aithint agus a dheimhniú don Ghaeilge, i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí áitiúla agus le cúnamh ó chinnirí teanga (.i. ionaid aitheanta ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid, le plé in M.9) (m.sh. Fishman, 2001:476).

Tá an-chumhacht agus seasamh ag institiúidí nó eagraíochtaí norm teanga a bhunú agus a bhuanú (Ní Dhúda, 2010).

Samplaí de nósmhaireachtaí teanga: Béarla a labhairt sa bhaile leis na páistí, Gaeilge a labhairt le do chairde sa teach tábhairne.

Léaráid 5: An Cur i bhFeidhm



Céim 4 - Monatóireacht

4

Cén chaoi a bhfuil ag éirí linn?

Comhthéacs

Tá monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú rialta ina ndlúthchuid de phróiseas pleanála teanga ar bith. Is próiseas leanúnach gan chríoch é ag bainistiú rud atá soghluaiste (.i. iompar teanga) (Ó hIfearnáin, 2012:141).

Cinntíonn córas ceart monatóireachta go mbeidh an próiseas pleanála teanga ag brath ar fhianaise reatha (nó taighde 'beo' comhoibríoch) agus bunaithe ar chur chuige dinimiciúil tomhaiste. Baineann easpa monatóireachta an bonn de sheasamh agus de thairbhe an phróisis.

Teastaíonn córas monatóireachta (nó próiseas measúnaithe) chun:

- athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga.
- idirghabhálacha agus torthaí na ngníomhaíochtaí a mheas.
- leasuithe cuí a shamhlú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an iniúchadh sin.

Dialann Teanga

Moltar dialann teanga a choimeád mar chóras monatóireachta chun:

- Spriocanna teanga, amscála, freagrachtaí a leagan amach.
- Machnamh agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm spriocanna.
- Aiseolas a bhailiú go leanúnach agus leasuithe a dhéanamh más gá.
- Feasacht a mhéadú, fócas a chothú, agus rannpháirtíocht a spreagadh.

Moltar go dtugann an bainisteoir tacaíocht rialta d'eagraíochtaí a ghlacann páirt sa scéim dheonach pleanála teanga (m.sh. cruinniú ar a laghad uair sa ráithe chun an próiseas agus an dialann teanga a phlé).

Aidhm:	Cé atá freagrach	Déanta
Club óige lán-Ghaeilge a fhorbairt agus a reáchtáil	Coiste an chlub, cinnirí an chlub, baill an chlub, tuismitheoirí	☑

Cur chuige

Polasaí soiléir Gaeilge a aontú agus a fheidhmiú

Scéim duaiseanna d'iompar dearfach Gaeilge a reáchtáil

Dialann Shamplach

Stop ... déan athbhreithniú tar éis míosa (boscaí liatha ■)

Céard a d'oibrigh

Tá coiste an chlub aontaithe agus dearfach maidir leis an bpolasaí Gaeilge agus comórtas na Gaeilge, cé go n-aithníonn siad na dúshláin a bhaineann leo. Mhínigh siad gur ghá plean soiléir a réiteach agus a phlé le maoirseoirí roimh gach seisiún, ionas go mbeifear ullamh agus an seisiún fiúntach

Céard nár oibrigh

Tá sé an-doiligh tuistmitheoirí a mhealladh le bheith páirteach sa choiste nó sa mhaoirseacht.

Níl an róta feitheoireachta féaráilte faoi láthair.

Aon mholadh eile

Reáchtáil oíche eolais do thuismitheoirí maidir leis an bpolasaí Gaeilge agus cur chuige dearfach atá in úsáid.

Iarr orthu a ngasúr a mheabhrú faoin bpolasaí roimh an seisiún agus iad a mholadh má bhaineann siad duais.

Mínigh go mbraitheann todhchaí an chlub ar chúnamh agus ar thacaíocht na dtuismitheoirí, go mór mór le feitheoireacht.

An chéad chéim eile

Níos mó cinnirí a mhealladh agus a thraenáil chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar iompar teanga sa chlub (.i. úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a mholadh)

Sprioc

Úsáid na Gaeilge a spreagadh go réamhghníomhach i measc na mball i dtimpeallacht thaitneamhach dhearfach.

Méadú X% ar líon na mball gach bliain

Spriocanna

Is ionann an sprioc agus an toradh atáthar ag iarraidh a bhaint amach. Mar shampla, méadú X% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge laistigh de X bliain.

Teastaíonn spriocanna soiléire inmheasta chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun measúnú a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm.

Níl aon dá chás mar a chéile. Bíonn spriocanna teanga éagsúla ag gach pobal dá réir sin.

Gan spriocanna soiléire ba dhoiligh

- rannpháirtíocht dhírithe a spreagadh
- borradh a chur faoi bhearta
- struchtúr córasach céimnithe a chur ar an bpróiseas
- acmhainní cuí a chur ar fáil
- maoiniú a lorg agus mar sin de.

Mar sin féin, is léir go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le próiseas na pleanála teanga seachas spriocanna atá dírithe ar líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú.

Torthaí

Is ionann an toradh a bhíonn ar ghníomhaíocht idirghabhála agus an rud a tharlaíonn mar thoradh díreach ar an ngníomhaíocht sin.

Go simplí, tá dhá chineál toradh ann (i) toradh sealadach (ii) toradh buan.

Tá an dá chineál toradh tábhachtach sa phróiseas pleanála teanga, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha eatarthu (féach an tábla thall).

Is próiseas córasach fadtéarmach é próiseas na pleanála teanga. Moltar spriocanna soiléire gearrthéarmacha agus meántéarmacha a leagan amach.

Tarlaíonn torthaí níos buaine sna sála ar obair leanúnach, torthaí sealadacha rialta, an struchtúr tacaíochta cuí agus rannpháirtíocht na ndaoine.

Toradh sealadach ócáideach	Toradh buan fadtéarmach
Athrú sealadach sa chleachtas teanga a tharlaíonn le linn na gníomhaíochta.	An tionchar a mhaireann nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe.
Mar shampla, an Ghaeilge a úsáid nuair atá múinteoir nó tuismitheoir i láthair agus/nó sa chlub óige. Filltear ar an teanga réamhshocraithe (.i. an Béarla) gan an tacaíocht institiúideach agus/nó láithreacht an duine sin (Ní Dhúda, 2010).	Mar shampla, nós nua a chruthú, nuair a labhraíonn duine an Ghaeilge i dtosach agus as a stuaim féin (gan aon tacaíocht), agus mar a tharlaíonn i gcás na ngréasán Gaeilge (le plé in M.15).



M

Aidhmeanna Teanga
Samplacha
&
Moltaí maidir lena
bhFeidhmiú

Comhthéacs

Leagtar amach sa rannóg seo aidhmeanna teanga samplacha agus moltaí i dtaca le cur i bhfeidhm na n-aidhmeanna sin. Cé go bhfuil an-tábhacht ag baint le spriocanna teanga a aithint agus a bhaint amach, ní mór a bheith tomhaiste maidir leis an méid a bhféadfaí a bhaint amach ar son na Gaeilge agus/nó chun dul i bhfeidhm ar iompar teanga, go minic fadbhunaithe.

Ní féidir staid stairiúil theangeolaíoch a athshealbhú ach is féidir (i) an staid reatha a chothú (ii) breathnú chun cinn i dtreo na todhchaí agus a bhféadfaí a dhéanamh chun tacú leis an nGaeilge agus an staid reatha a fheabhsú. Faoi mar a mhíníonn de Fréine:

There can be little justification for the language revival if it is merely an attempt, motivated by mistaken pride, to restore a vanished past. There may be a lot to be said for it, however, if it is viewed as an attempt, grounded in realistic humility, to provide for the exigencies of the future (1965:245-246 in Romaine 2006:447).

Tugtar sracfhéachaint ar an todhchaí i gcás na moltaí thíosluaite. Ábhar plé don chruinniú poiblí agus/nó don choiste stiúrtha atá iontu. Réamh-mholtaí nó roghanna is ea iad, seachas rialacha dochta deifnídeacha agus bheadh an-dúshlán ar fad ag baint le cuid díobh a chur i gcrích. Níltear ag glacadh leis gurb é seo mian an phobail ach oiread. D'fhéadfaí glacadh an phobail leis na moltaí seo a fhiosrú agus a phlé ag leibhéal an choiste stiúrtha agus/nó i gcaitheamh an phróisis comhairliúcháin.

Liosta samplach go minic uaillmhianach seachas cur síos críochnúil in ord tosaíochta atá ann. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh moltaí eile chun cinn i gcaitheamh na tréimhse comhairliúcháin.

Ag cuimhneamh ar Spolsky, is gá aidhmeanna agus spriocanna a chóiriú don leibhéal cumais agus úsáide Gaeilge sa cheantar feidhme (.i. iad a chur in oiriúint don staid reatha) ionas go mbeidh dúshlán réadúil seachas dallamullóg ar fad ag roinnt leo.

M.1 Bainisteoir Teanga & Bainistiú an Phróisis

Aidhm:

Ceap bainisteoir teanga oilte a bheidh freagrach as an bpróiseas pleanála teanga a stiúradh agus a bhainistiú go lánaimseartha.

Cur síos:

Ag eascairt as an bpróiseas comhairliúcháin agus ag glacadh leis gur mian leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara tabhairt faoi láidriú na Gaeilge sa cheantar feidhme, moltar go gceapfar bainisteoir teanga lánaimseartha.

Is gá go mbeidh ardchumas sa Ghaeilge, cáilíocht agus taithí phraiticiúil sa phleanáil teanga ag an duine seo. Ní fhéadfaí a bheith ag brath ar obair dheonach amháin chun plean teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas trí chéile. Braitheann feidhmiú feidhmiúil formhór na moltaí thíosluaite ar an gceapachán seo.

Cur chuige molta:

Aimsigh maoiniú chun bainisteoir teanga lánaimseartha a cheapadh agus/nó déan measúnú ar na hacmhainní daonna (deonacha agus gairmiúla) atá ar fáil, déan athstruchtúrú ar dháileadh na bhfreagrachtaí (más cuí), ionas go mbeidh bainisteoir teanga feiliúnach ag feidhmiú sa cheantar feidhme.

I measc fhreagrachtaí an bhainisteora teanga tá:

Plean teanga an cheantair a scríobh, a stiúradh agus a chur i bhfeidhm ar bhonn eagraithe proifisiúnta.

Seoladh oifigiúil a dhéanamh ar an bplean teanga tar éis na tréimhse comhairliúcháin agus fógraíocht a dhéanamh ar an mórócáid sin.

Comhordú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh i ndialann teanga orthu seo a leanas: (i) an próiseas pleanála teanga (ii) na gníomhaíochtaí éagsúla mar chuid de (iii) feidhmiú an phlean teanga.

Cur i láthair a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean don choiste stiúrtha gach ráithe.

Tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar dhul chun cinn agus cumarsáid leanúnach a dhéanamh le muintir na háite ina dtaobh sin (le plé in M.12).

Gach tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí teanga atá ar bun cheana féin agus freastal ar iarrachtaí ón mbun aníos ar mhaithe leis an bpobal agus/nó leis an nGaeilge.

Cabhrú leis na clubanna, coistí, eagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla ar fad pleananna teanga dá gcuid féin a ullmhú agus a fheidhmiú go hinmheánach más mian leo (le plé in M.9).

Acmhainní pleanála teanga cuí a lorg, a fhorbairt agus a roinnt. Traenáil a eagrú agus a reáchtáil más gá.

Feidhmiú mar chinnire teanga go háitiúil (le plé in M.10), tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge ag cruinnithe, ar fhógraí, i gcomhfhreagras agus mar sin de.

Is dlúthchuid eile den ról seo an pobal agus páirtithe leasmhara a ghríosú agus a chumasú chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga. Moltar cur chuige rannpháirtíoch seachas tuilleamaíoch.

Moltar fóram tacaíochta nó fóram comhpháirtíochta a bhunú idir bainisteoirí teanga eile atá ag feidhmiú ar fud oileán na hÉireann le go mbeidh deis tuairimí a roinnt, ceisteanna a phlé, dul chun cinn, deacrachtaí a aithint, acmhainní a scaipeadh, chun tuiscint a chothú idir pobail éagsúla agus le go spreagfaidh siad a chéile.

Thiocfadh le saineolaí pleanála teanga comhairle phroifisiúnta agus phraiticiúil a chur ar fáil don bhainisteoir teanga más gá agus má bhíonn maoiniú ar fáil chuige sin.

Spriocanna samplacha:

Déanfaidh bainisteoir teanga oilte lánaimseartha próiseas na pleanála teanga trí chéile a eagrú agus a bhainistiú go héifeachtach i gcomhpháirtíocht leis an gcoiste stiúrtha, faoi réir ag spriocanna bliantúla agus plean teanga a aontófar.

M.2 Cothú Teanga

Aidhm:

Cothaigh agus buanaigh an staid reatha shochtheangeolaíoch.

Cur síos:

Ag cuimhneamh ar Spolsky, ní mór go mbeadh an bhainistíocht (idirghabháil) ag teacht le cleachtas agus le creideamh an phobail. Mar sin, is gá dul i bhfeidhm ar an staid reatha, oibriú leis an rud atá ann agus ag tarlú cheana féin, tógáil ar an infreastruchtúr atá ar fáil.

Sa chaoi chéanna, féachann cothú teanga leis an staid reatha a chothú agus a bhuanú chomh fada agus is féidir.

Cur chuige molta:

Ní mór na fachtóirí a threisíonn úsáid na Gaeilge a chothú agus a láidriú i ngach réimse de shaol an phobail.

Moltar na gréasáin Ghaeilge atá chun cinn sa cheantar a chothú agus a neartú (Ó Giollagáin et al, 2007:28), gach tacaíocht agus deis a chur ar fáil don X% sin a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil agus na gníomhaíochtaí a chuireann lena húsáid.

San áireamh, cuir i gcás, (i) tacú le tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge (ii) aitheantas a thabhairt do lucht labhartha na gcanúintí áitiúla (iii) na scoileanna agus na naíonraí atá ag feidhmiú trí Ghaeilge a choinneáil (iv) na jabanna atá ar fáil trí Ghaeilge a chosaint (v) gach leas agus buntáiste a bhaint as na scéimeanna, tacaíochtaí, acmhainní, saineolas atá ar fáil cheana féin (vi) ceangail le scátheagrais chuí agus/nó tacaíocht a fháil ó cheanneagraíocht chuí (vii) naisc a chothú le pobail chomhchosúla eile agus mar sin de.

Spriocanna samplacha:

Líon na gcainteoirí Gaeilge sa cheantar feidhme a chothú agus a bhuanú.
Na gréasáin Ghaeilge atá ann faoi láthair a chothú agus a neartú.

Cnuasainm atá san fhocal 'gréasán' a sheasann do ghrúpa daoine a mbíonn ceangal éigin eatarthu (m.sh. ceangal fola, cairdis, pósta, oibre) agus teagmháil rialta acu le chéile (Swann et al, 2004:283). Sa chás seo, grúpa daoine a labhraíonn an Ghaeilge le chéile.

M.3 Cumas sa Ghaeilge

Aidhm:
Cuir le líon na ndaoine le cumas sa Ghaeilge, cumas comhrá ach go háirithe.

Cur síos:
Baineann cumas teanga le ceithre scil (i) éisteacht nó tuiscint (ii) labhairt (iii) léamh (iv) scríobh. Tá dlúthnasc eatarthu agus go hiondúil bíonn leibhéil éagsúla cumais ag duine sna scileanna seo.

Ní leor ranganna Gaeilge amháin chun cur le húsáid na Gaeilge i measc an phobail, ach ní féidir an Ghaeilge a úsáid (nó úsáid na Gaeilge a mhéadú) gan chumas sa teanga sin (Grin, 2003).

Foghlaimíonn cainteoirí T2 an Ghaeilge ag ranganna, ar scoil nó sa choláiste samhraidh mar shampla. Uaireanta bíonn an sealbhú sin easnamhach nó bíonn cumas an chainteora teoranta don chomhthéacs institiúideach sin (Kaplan & Baldauf, 1997:137). Léiríonn an méid sin an tábhacht a bhaineann le sóisialú i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla, chomh maith (le plé in M.9).

Cur chuige molta:
Cruthaigh agus feabhsaigh deiseanna foghlama Gaeilge agus spreagthaí chun foghlama (.i. fonn) lasmuigh de chomhthéacs na scolaíochta.

Moltar deiseanna foghlama Gaeilge a chruthú i gcomhthéacsanna foirmiúla (ranganna gramadaí, cúrsa traenála) agus neamhfhoirmiúla (ceardlanna comhrá ag an sos tae, cláir saibhrithe teanga do theaghlaigh) agus mar sin de.

D'fhéadfaí réimse leathan ranganna Gaeilge a reáchtáil go struchtúrtha rialta (ó ghlantosaitheoirí go hardleibhéal) ach go mbeadh an bhéim ar chumas cumarsáide agus go gcuirfí an chaoi le comhrá Gaeilge a thosú nó comhrá a iompú ar an nGaeilge san áireamh (Mac Donnacha et al, 2004:61).

Teastaíonn sprioc nó sainmhíniú soiléir do leibhéil éagsúla cumais, le go mbeidh éifeacht ag an bpleanáil teanga sa réimse seo. Moltar leas a bhaint as fráma tagartha na hEorpa chuige sin, a thugann léargas ar an speictream cumais sna scileanna teanga (.i. 'Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha').

D'fhéadfaí club leabhar trí Ghaeilge a bhunú chun suim agus rannpháirtíocht a chothú i litríocht na Gaeilge (féach mar shampla www.clubleabhar.com).

Moltar leas a bhaint as áiseanna teagaisc nua-aimseartha atá ar fáil cheana féin (m.sh. míreanna físe agus fuaime) ach bailiúchán oiriúnach d'ábhar teagaisc a chruinniú le chéile agus a chur ar fáil go háitiúil.

Is riachtanach spreagthaí chun foghlama a chruthú chomh maith nó gach iarracht a dhéanamh daoine a mhealladh chun deiseanna foghlama a thapú.

Mar shampla, ceardlanna comhrá taitneamhacha a reáchtáil mar chuid den lá oibre, seachas a bheith ag brath ar dhíograis phearsanta amháin, polasaí soiléir earcaíochta (&/nó polasaí teanga) i bhfabhar na Gaeilge i bhfeidhm ag gnólachtaí áitiúla, turas chuig nó ceangal le gnólachtaí eile atá ag feidhmiú trí Ghaeilge, cluichí neartaithe foirne trí Ghaeilge a reáchtáil don fhoireann uair sa tseachtain agus mar sin de.

I dtéarmaí ginearálta, is ionann T1 agus céadteanga an duine agus/nó an teanga is fearr cumais leis/léi (Swann et al, 2004:110). Maidir leis na cainteoirí T2 thuasluaite, seo dream a tógadh le Béarla den chuid is mó ach a bhfuil cumas éigin acu sa Ghaeilge labhartha.

Spriocanna samplacha:
Cuir le líon na ndaoine atá ábalta an Ghaeilge a úsáid go hinniúil.
Cuir le líon na gcainteoirí T2 Gaeilge go hincriminteach.

Acmhainní / Eolas breise:
Tá eolaire áiseanna teagaisc ar fáil ag
www.cogg.ie
www.gaeilge.ie

Tá ábhar samplach teagaisc ar fáil ag
www.teagascnagaeilge.ie
www.nuim.ie/language/vifax
www.isfeidirliom.ie
www.aisaonad.org

Suímh na meán Gaeilge:
www.rte.ie/rnag
www.raidionalife.ie
www.raidiofailte.com
www.foinse.ie
www.tg4.ie
www.beo.ie & www.tuairisc.ie
www.rrr.ie

Foclóirí agus téarmaíocht:
www.focloir.ie
www.focal.ie

Féach chomh maith Tionscnamh Líofa
www.liofa.eu

M.4 An Chanúint Áitiúil &/nó Saibhriú Teanga

Aidhm:
Cothaigh agus méadaigh úsáid na canúna áitiúla idir óg agus aosta.

Cur síos:
Baineann cleachtas teanga le húsáid teanga agus cineál na teanga sin (Spolsky, 2004). Labhraítear cineálacha éagsúla Gaeilge, idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha, i sochaí an lae inniu. Moltar gach leas a bhaint as an acmhainn teanga atá ar fáil sa phobal cheana féin, go háirithe i measc na nglún is sine, agus aitheantas faoi leith a thabhairt don chanúint áitiúil agus do lucht a labhartha, más mian í a chothú agus a neartú.

Cur chuige molta:
Cruthaigh agus feabhsaigh deiseanna úsáide agus spreagthaí chun an chanúint áitiúil a shealbhú idir an dream a tógadh leis an gcanúint nó a labhraíonn í agus an dream ar mhaith leo í a shealbhú.

Ní mór gníomhaíochtaí spraíúla (nó ócáidí sóisialta a mbeadh suim ag an bpobal iontu) a eagrú do réimse aoisghrúpaí agus go mbeadh sóisialú na rannpháirtithe sa chanúint áitiúil mar aidhm leo.

D'fhéadfaí breathnú i dtreo neadacha teanga a bhunú, nuair a chuirtear na seanóirí ag obair go díreach le daltaí scoile. Mar shampla, eagraigh comórtas bunscoile ar scéalta imirce a bhailiú agus/nó craobh ghinealaigh a chur le chéile trí Ghaeilge, reáchtáil ceardlanna scéalaíochta nó drámaíochta le lucht labhartha na canúna áitiúla go rialta agus mar sin de.

D'fhéadfaí scéim 'Cairdeas' nó clár na máistrí agus na bprintíseach trí Ghaeilge a fhorbairt chun cur le sealbhú agus le húsáid na canúna áitiúla idir óg agus aosta (féach m.sh. www.aicls.org & Hinton, 1999).

D'fhéadfaí breathnú i dtreo nasc nó droichead fódúil a láidriú idir na cainteoirí traidisiúnta Gaeilge (cainteoirí T1) agus nuachainteoirí Gaeilge (cainteoirí T2) sa cheantar le go mbeidh comhghuaillíocht eatarthu agus tuiscint níos fearr acu ar chás a chéile. Mar shampla, cluiche cártaí seachtainiúil nó sraith púil a eagrú eatarthu, agus/nó aontú go dtabharfaí tosaíocht do labhairt na canúna áitiúla nó go gcuirfí béim ar an nGaeilge sa chumann rámhaíochta, áit a mbíonn an dá dhream agus mar sin de.

D'fhéadfaí cinneadh a ghlacadh go dtabharfaí tosaíocht don chanúint sna meáin chlóite agus shóisialta go háitiúil (m.sh. colún nuachta sa nuachtán, nuachtlitreacha, leathanach faoi leith don chanúint ar Facebook, Youtube) agus mar sin de.

Chaithfí acmhainní oiriúnacha (ábhar teagaisc agus foghlama) a sholáthar:

D'fhéadfaí togra taighde ar dhoiciméadú teanga a shocrú i measc na gcainteoirí T1 Gaeilge agus scoláirí ollscoile de bhunadh an cheantair chun taifeadtaí fuaime nó scríofa de chanúint shainiúil na háite a bhailiú, agus bailiúchán den chanúint áitiúil a chruinniú le chéile sa lárionad teanga áitiúil (.i. cartlann a fhorbairt agus a chur ar fáil go héasca).

D'fhéadfaí mír faoi leith a chur le suíomh idirlín an phobail agus na taifeadtaí de Ghaeilge na háite a sholáthar ann. Thabharfaí aitheantas poiblí do chainteoirí T1, agus chuirfí áiseanna teagaisc agus foghlama ar fáil ar an gcaoi sin.

D'fhéadfaí leas a bhaint as cartlann RnaG agus/nó acmhainní leictreonacha eile cosúil le taifeadtaí fuaime Doegen mar ábhar teagaisc / foghlama freisin

D'fhéadfaí tarraingt ar fhoinsí áitiúla eile (m.sh. béaloideas, nuachtáin áitiúla, litríocht, amhráin, drámaí a scríobhadh sa chanúint áitiúil), agus iad a chur ar fáil go héasca ach poiblíocht a dhéanamh faoin bhfeachtas sin.

D'fhéadfaí cartlann d'fhocail, de théarmaí agus de nathanna cainte a bhaineann leis an gcanúint a fhorbairt agus a chur ar fáil go furasta. D'fhéadfaí club sóisialta nó oíche airneáin a bhunú air.

D'fhéadfaí pleananna ceachta maidir le sealbhú agus cothú na canúna áitiúla a fhorbairt agus a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'áisitheoirí.

D'fhéadfaí leas a bhaint as litríocht agus amhránaíocht an cheantair chun daoine nó an ghlúin óg a spreagadh chun spéis a chur sa chanúint áitiúil agus ina gceantar féin agus chun bród

a chothú sa saibhreas teanga, cultúr agus litríocht a tháinig ón bpobal. M.sh. ciorcal léitheoireachta nó amhránaíochta a reáchtáil.

Spriocanna samplacha:
Méadaigh líon na ndaoine a labhraíonn an chanúint áitiúil go céimnithe.
Cothaigh comhghuaillíocht idir na cineálacha éagsúla cainteoirí Gaeilge sa cheantar.

Acmhainní / Eolas breise:
Tionscnamh Kohanga Reo sa Nua-Shéalainn www.kohanga.ac.nz

Clár na máistrí agus na bprintíseach www.aicls.org

Foinsí béaloidis: www.duchas.ie, www.logainm.ie www.bealbeo.ie www.bealoideas.com

Foinsí canúineolaíochta: http://doegen.ie/, www.fuaimeanna.ie, http://www.uni-due.de/DI/index.html

Foinsí amhránaíochta: iTunes U - COGG, cartlann RnaG, Youtube, aransongs.blogspot.ie www.joeheaney.org www.tg4.ie/seannos

M.5 Seachadadh Idirghlúineach

Aidhm:
Cuir borradh faoi sheachadadh idirghlúineach na Gaeilge sa teaghlach.

Cur síos:
Má shealbhaíonn duine an Ghaeilge sa bhaile óna thuismitheoir(í), is sampla é sin de sheachadadh idirghlúineach na Gaeilge. Tá tábhacht faoi leith leis an seachadadh idirghlúineach i gcomhthéacs na pleanála teanga

'home usage itself has such a positive effect on subsequent lifetime usage' (Mac Donnacha, 2000:22).

Bíonn tionchar ag meascán fachtóirí ar sheachadadh teanga (m.sh. cinneadh na dtuismitheoirí, cumas teanga na dtuismitheoirí, an straitéis seachadta, fonn). Mar sin féin, is doiligh dul i bhfeidhm ar chleachtas príobháideach teanga nó spás pearsanta an teaghlaigh.

Ní ceart a bheith ag súil go dtarlóidh seachadadh idirghlúineach na Gaeilge go 'nádúrtha' ná go réamhshocraithe. De dheasca shíorbhrú an Bhéarla, tá iompar teanga an teaghlaigh i bhfabhar na Gaeilge ag brath ar chomhthéacs comhfhiosach pleanáilte (Ó Giollagáin et al, 2007:27). Ní mór, mar sin, comhairle agus rogha a chur ar a súile do thuismitheoirí maidir le gasúir a thógáil le Gaeilge, go háirithe mura labhraíonn ach tuismitheoir amháin í.

Cur chuige molta:
Moltar gach tacaíocht, misneach, spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge agus do theaghlaigh ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge. Moltar, leis sin, feasacht (nó tuiscintí) a mhéadú chun daoine eile a spreagadh chun an cúram seo a thógáil orthu féin.

Moltar rogha tharraingteach a thairiscint do lánúineacha agus do thuismitheoirí i dtaca le gasúir a thógáil le Gaeilge.

Ní mór, mar shampla, na buntáistí a bhaineann le gasúir a thógáil le Gaeilge a fhógairt níos fearr (.i. buntáistí oideachais, eacnamaíochta, cultúrtha agus fostaíochta na Gaeilge, tairbhe chognaíoch an dátheangachais agus mar sin de) (le forbairt in M.11).

D'fhéadfaí feasacht a spreagadh maidir leis an rogha seo (agus faoi mar atá beartaithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) ag cúrsaí réamhphósta, ranganna réamhbhreithe agus mar sin de.

D'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh leis an altra poiblí a thugann cuairt ar mháithreacha nua chun pacáiste eolais i dtaobh labhairt na Gaeilge sa bhaile agus clann a thógáil le Gaeilge a scaipeadh ina measc.

Moltar, leis sin, tacaíochtaí agus comhairle a sholáthar le go mbeifear in ann agus sásta clann a thógáil le Gaeilge sa cheantar feidhme (.i. le plé in M.6).

D'fhéadfaí clár deonach tacaíochta teanga a fhorbairt do theaghlaigh nó do thuismitheoirí ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge agus/nó úsáid na Gaeilge a mhéadú mar theanga baile ag tarraingt ar dhea-chleachtas aitheanta sa réimse seo (.i. eolas a sholáthar maidir leis an gcineál Gaeilge a labhrófá le leanbh, an chaoi is fearr chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus a bhainistiú agus mar sin de).

D'fhéadfaí scéim cuairteanna baile a thairiscint, chomh maith, chun comhairle agus tacaíocht rialta a thabhairt do thuismitheoirí, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn, ach go mbeadh oiliúint agus saineolas cuí ag an gcuairteoir.

D'fhéadfaí, leis sin, spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí an chanúint a úsáid sa teaghlach ach rannta, dánta, amhráin thraidisiúnta agus mar sin de a chur ar fáil dóibh.

Spriocanna samplacha:
Cothaigh agus méadaigh úsáid na Gaeilge mar theanga bhaile.

Cothaigh agus méadaigh líon na gcainteoirí T1 Gaeilge gach bliain.

Acmhainní / Eolas breise:
Tús Maith www.tusmaithocd.ie

Scéim TWF sa Bhreatain Bheag www.twfcymru.com

M.6 Seirbhísí Tacaíochta Teanga

Aidhm:
Cuir seirbhísí tacaíochta teanga ar fáil go háitiúil.

Cur síos:
Léiríonn an taighde ar fad sa réimse seo gur sna luathbhlianta is furasta teanga nua a shealbhú (Rialtas na hÉireann, 2010:25). Mar sin féin, tá dúshlán faoi leith ag roinnt le seachadadh idirghlúineach na Gaeilge i saol an lae inniu ar chúiseanna éagsúla. Mar shampla, an comhthéacs measctha teanga ina gcónaíonn formhór mór de mhuintir na hÉireann.

Cur chuige molta:
Moltar gach tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge nó a dteastaíonn uathu a gclann a thógáil le Gaeilge.

D'fhéadfaí naíolann a bhunú do pháistí 0-3 bliana agus/nó grúpa tuismitheoirí/seantuismitheoirí agus leanaí trí Ghaeilge, ciorcal léitheoireachta do thuismitheoirí agus páistí, agus/nó seirbhís cúraim leanaí trí Ghaeilge a sholáthar go háitiúil, ach éileamh a bheith air, polasaí soiléir Gaeilge i bhfeidhm agus timpeallacht a bheadh fabhrach i leith na Gaeilge agus a spreagfadh úsáid na Gaeilge.

D'fhéadfaí breathnú i dtreo (i) naíonra lán-Ghaeilge a bhunú sa cheantar feidhme nó (ii) líon na bpáistí a fhreastalaíonn ar an naíonra a ardú gach bliain (iii) ceardlanna traenála sa chinnireacht teanga a thairiscint do stiúrthóirí agus mar sin de (le plé in M.10).

Arís, moltar go gcuirfí polasaí soiléir Gaeilge i bhfeidhm sa naíonra agus go gcuirfí riachtanais na gcainteoirí T1 Gaeilge san áireamh (Ó Giollagáin et al, 2007:29).

Moltar, leis sin, seirbhís tacaíochta agus comhairleoireachta teanga a chur ar fáil (Ó Giollagáin et al, 2007:29) agus (i) comhairle chuí a chur ar fáil maidir le páistí a thógáil le Gaeilge (ii) eolas a scaipeadh maidir leis na héagsúlachtaí agus na deacrachtaí ar leith a bhaineann leis sin.

D'fhéadfaí imeachtaí spraíúla trí Ghaeilge a eagrú do ghasúir agus ceardlanna eolais nó teacht le chéile trí Ghaeilge a reáchtáil do thuismitheoirí ag an am céanna gach Satharn.

Is fiú, chomh maith, eolas faoi na háiseanna, leabhair agus cluichí trí Ghaeilge atá ar fáil a scaipeadh i measc theaghlaigh an cheantair. D'fhéadfaí cumarsáid a dhéanamh leis an leabharlann áitiúil chun cur le líon na n-áiseanna sa réimse seo.

Tabhair eolas do theaghlaigh an cheantair ar mian leo iarratas a dhéanamh ar scéim na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ('Scéim Tacaíochta Teaghlaigh' a tháinig in áit Scéim Labhairt na Gaeilge) a chuireann pacáiste tacaíochta le hábhar léitheoireachta agus fuaime ar fáil.

Iarr ar an ngrúpa náisiúnta Glór na nGael agus/nó ar an ngrúpa Gaeltachta Tuismitheoirí na Gaeltachta lá eolais a reáchtáil do theaghlaigh áitiúla, taithí a roinnt agus craobh a bhunú go háitiúil.

Spriocanna samplacha:
Cuir le líon agus caighdeán na seirbhísí tacaíochta Gaeilge atá ar fáil do mhuintir na háite agus do theaghlaigh ach go háirithe, go céimnithe (idir sheirbhísí cúraim leanaí, oideachas réamhscoile trí Ghaeilge agus acmhainní tacaíochta eile).

Cuir le líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar an ngrúpa tuismitheoirí agus páistí trí Ghaeilge gach bliain.

Acmhainní / Eolas breise:

Tá breis eolais faoin bpacáiste tacaíochta teaghlaigh ag www.ahg.gov.ie

Fís maidir le clann a thógáil le Gaeilge: http://www.youtube.com/user/clarta-caiochta

Ní Chinnéide, M., 2001. Ag tógáil clainne le Gaeilge: Treoirleabhar do thuismitheoirí.

Aipeanna Cúla 4: Is féidir iad a íoslódáil ón *App Store* ach cuardach a dhéanamh faoi `Cúla4' nó `TG4'.

M.7 Úsáid na Gaeilge i measc na hÓige

Aidhm:

Méadaigh úsáid laethúil na Gaeilge i measc an aosa óig i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla lasmuigh den chóras oideachais.

Cur síos

Is spriocghrúpa faoi leith iad an óige (Eckert 1988; Hickey 2007). Tá úsáid an Bhéarla in uachtar i measc fhormhór d'aos óg na Gaeltachta, cuir i gcás (Ó Giollagáin et al, 2007:29), cé go bhfuil dearcadh dearfach ag a bhformhór i leith na Gaeilge. Ní mór, mar sin, deiseanna úsáide agus spreagthaí chun an Ghaeilge a úsáid a chruthú agus a láidriú ina measc .i. roghanna tarraingteacha Gaeilge a sholáthar do dhaoine óga chun suim a chothú agus iad a mhealladh.

Cur chuige molta:

Moltar cur le sóisialú na ndaoine óga trí Ghaeilge. Chuige sin, moltar

- úsáid na Gaeilge a chothú agus a láidriú sna gréasáin a bhaineann le daoine óga (m.sh. cúrsaí spóirt, club óige, cumann aisteoireachta srl.).
- struchtúr a thacaíonn le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga a bhunú agus/nó a chothú (Ó Giollagáin et al, 2007:30).

Tá sé an-tábhachtach dul i bhfeidhm ar dhaoine óga ar bhonn dearfach i gcomhthéacsanna traidisiúnta (ceardaíocht, amhránaíocht, lúibíní) agus i gcomhthéacsanna nua-aimseartha spraíúla (trí mheán na nuatheicneo-laíochta, aipeanna, meán sóisialta agus cumarsáide, amharcealaíona agus mar sin de).

Moltar club óige a bhunú mura bhfuil ceann ar fáil cheana féin do pháistí bunscoile agus déagóirí meánscoile chun imeachtaí taitneamhacha spraíúla a reáchtáil trí Ghaeilge d'aos óg an cheantair gach seachtain.

Moltar go dtabharfadh an bainisteoir teanga cúnamh chun plean teanga a réiteach agus polasaí soiléir Gaeilge a chur i bhfeidhm sa chlub óige ón tús.

Ní mór cur le háiseanna Gaeilge agus trealamh an chlub óige gach bliain, ionas go mbeidh tóir ar an gclub agus daoine óga ag iarraidh freastal air.

Caithfear maoirseoirí a thraenáil le feidhmiú go héifeachtach ina gcinnirí teanga, ionas go mbeidh siad in ann

- úsáid na Gaeilge a mhealladh agus a bhainistiú i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla mar chlub óige agus/nó polasaí Gaeilge an chlub a chur i bhfeidhm.
- féinmhuinín agus scileanna cumarsáide an aosa óig sa Ghaeilge a chothú agus a fheabhsú.

Is gá cóimheas na maoirseoirí le hais na mball a choinneáil íseal, maoirseoir do gach seisear, cuir i gcás, chun aidhmeanna den chineál seo a chur i gcrích

Moltar atreisiú dearfach a úsáid mar chóras meantóireachta, seachas a bheith ag brath ar chóras disciplíneach amháin a úsáid. Maidir leis an atreisiú dearfach, ceanglaítear luach le hiompar áirithe ag súil go leanfar leis. Bronntar gradam bunaithe ar dhul chun cinn, chun iompar teanga faoi leith a mholadh agus a mhealladh.

Mar shampla, d'fhéadfaí comórtas Gaeilge a reáchtáil i measc na mball chun aitheantas a thabhairt do labhairt na Gaeilge go réamhghníomhach agus duaiseanna a bhronnadh dá réir sin.

D'fhéadfaí an cur chuige ceannann céanna ar son na Gaeilge a úsáid i gcumainn spóirt, drámaíochta, gasóige, ceoil, peile agus mar sin de.

D'fhéadfaí comórtas nó scéim scoláireachtaí a eagrú do dhaoine óga de bhunadh na háite ar mhaith leo freastal ar chúrsa Gaeilge i gcoláiste samhraidh.

D'fhéadfaí ionad buail isteach nó ionad sóisialta iarscoile a oscailt do scoláirí bunscoile agus meánscoile, le polasaí soiléir Gaeilge agus maoirseoirí traenáilte.

D'fhéadfaí campaí samhraidh trí Ghaeilge a reáchtáil sa cheantar feidhme agus/nó cuir le líon na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar na campaí sin gach bliain.

D'fhéadfaí ceangail a chruthú le grúpaí óige lán-Ghaeilge eile ó cheantair ar fud oileán na hÉireann agus ó cheantair idirnáisiúnta eile ina labhraítear mionteangacha. D'fhéadfaí comhráite nó díospóireachtaí a reáchtáil ar Skype agus/nó mórtheacht le chéile a eagrú uair sa bhliain.

Caithfear fógraíocht agus forbairt rialta a dhéanamh ar na himeachtaí sóisialta seo trí Ghaeilge do dhaoine óga.

Moltar feachtas fógraíochta tarraingteach a reáchtáil sna scoileanna agus ar na meáin shóisialta (m.sh. Facebook, Twitter, Youtube, Instagram).

Spriocanna samplacha:

Líon na mball sa chlub óige a ardú go hincriminteach gach bliain .i. méadú X% in aghaidh na bliana.

Cuir le líon na gcinnirí oilte a dhéanann maoirseacht ar na himeachtaí seo trí Ghaeilge gach bliain.

Acmhainní / Eolas breise:

Cumann na bhFiann
www.colaistenabhfiann.ie

Scátheagrais:
Óige na Gaeltachta www.onag.ie
Ógras www.ogras.ie

Feachtas tarraingteach: Coláiste Lurgan ar www.youtube.com

M.8 Úsáid na Gaeilge i Réimsí Oideachais

Aidhm:

Cothaigh agus méadaigh úsáid laethúil na Gaeilge i réimsí oideachais, i gcomhpháirtíocht le foireann na scoileanna.

Cur síos:

Tá ról lárnach agus ceannaireachta ag na hinstitiúidí oideachais (naíonraí, bunscoileanna, meánscoileanna) i gcothú labhairt laethúil na Gaeilge. Tá réimse an oideachais ina chroílár den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010: 21-37). Moltar gach tacaíocht agus comhpháirtíocht a chothú leis na hinstitiúidí oideachais chun cur le todhchaí na Gaeilge sa cheantar feidhme (m.sh. Ó Giollagáin et al, 2007:29). Mar sin féin, tá castachtaí eile i gceist toisc go bhfuil páirtí leasmhar náisiúnta san áireamh (m.sh. an Roinn Oideachais). Braitheann go leor ar thoil na múinteoirí iad féin.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar oideachas sa Ghaeltacht ag an am a raibh an saothar seo á scríobh agus ní fios fós cén toradh a bheidh air.

Cur chuige molta

Moltar an ceangal idir an pobal agus an scoil a láidriú (m.sh. an Fóram Scoilphobail) agus nasc níos dlúithe a fhorbairt idir scoileanna an cheantair agus imeachtaí pobail (Ó Cinnseala et al, 2011:12).

Moltar ceangal níos láidre a chothú idir an bainisteoir teanga agus na múinteoirí scoile sa cheantar feidhme, d'fhonn an Ghaeilge a chothú i measc óige an cheantair agus oideachas trí Ghaeilge a fhorbairt ann.

Moltar go mbeadh polasaí soiléir Gaeilge i bhfeidhm (le cúnamh ón mbainisteoir teanga, más áil) i scoileanna an cheantair. Ní mór freastal a dhéanamh ar pháistí i scoileanna Gaeltachta agus eile a dteastaíonn cabhair chuí uathu chun an Ghaeilge a shealbhú nó a shaibhriú.

D'fhéadfaí staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir le forbairt an oideachais trí mheán na Gaeilge sa cheantar, mura bhfuil fáil air cheana féin, i gcomhairle le páirtithe leasmhara go háitiúil agus go náisiúnta (.i. naíonra, gaelscoil, gaelcholáiste, sraith lán-Ghaeilge ina múintear ábhair eile seachas an Ghaeilge trí Ghaeilge).

Thiocfadh leis an mbainisteoir teanga seirbhís/club iarscoile trí Ghaeilge a chur ar fáil agus/nó comórtas na Gaeilge a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le múinteoirí sna scoileanna gach bliain. M.sh. duaiseanna Gaeilge (t-léinte, scoláireacht chuig coláiste samhraidh) a bhronnadh ar an gcainteoir Gaeilge is fearr sa scoil, an duine is dearfaí i dtaobh na Gaeilge sa scoil, an duine a rinne an méid is mó feabhais le bliain, an duine a chum an focal is craiceáilte agus mar sin de.

D'fhéadfaí múinteoirí a spreagadh chun gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile a reáchtáil agus cúnamh a thabhairt más gá (m.sh. páirt a ghlacadh i Siansa Gael Linn nó comórtas Scléip, nó féile scoildrámaíochta, an Ghaelbhratach a bhaint amach agus mar sin de). (www.gaelscoileanna.ie/scleip, www.gael-linn.ie).

D'fhéadfaí ceardlanna feasachta agus traenála sa chinnireacht teanga a thairiscint do mhúinteoirí (.i. sainchúrsa i mbainistiú agus i spreagadh na Gaeilge a phléifear in M.10).

D'fhéadfaí múinteoirí meánscoile a mhealladh chun club Gaeilge a bhunú ag am lóin agus deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a sholáthar do dhaltaí meánscoile lasmuigh den seomra ranga. M.sh. cluichí a imirt, cupán tae saor in aisce ar fáil. D'fhéadfaí a shocrú go mbeadh ról freagrach cúnta ag cinnirí Gaeilge a d'fhreastail ar choláistí samhraidh agus mar sin de.

Imeachtaí eile a d'fhéadfaí a mholadh nó a eagrú:

Comórtas díospóireachta trí Ghaeilge a eagrú idir na meánscoileanna áitiúla (mar ullmhúchán do chomórtas náisiúnta). Tabhair rúin dóibh a spreagann machnamh pearsanta ar chúrsaí teanga, m.sh. 'Céard is fiú an Ghaeilge i saol an déagóra?'

Eagraigh feachtas 'Seó Bóthair don Ghaeilge' sna meánscoileanna áitiúla chun machnamh pearsanta a spreagadh ar chúrsaí teanga agus cearta teanga go háitiúil agus go náisiúnta (scoil@cnag.ie).

D'fhéadfaí ceangal níos láidre a chothú le meánscoileanna lán-Ghaeilge eile ar fud oileán na hÉireann.

Acmhainní / Eolas breise:

Polasaí iompar teanga sa scoil: 'Ár bPolasaí Gaeilge' (Ní Mhaoláin, 2005) ar fáil ag www.gaelscoileanna.ie

Comhairle na Gaelscolaíochta www.comhairle.org

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge www.foras.ie

An Ghaelbhratach: www.gael-linn.ie www.cnag.ie (meánscoileanna)

Páirtithe leasmhara náisiúnta: www.education.ie www.deni.gov.uk www.gaelscoileanna.ie www.naionrai.ie

Spriocanna samplacha:

Méadaigh na deiseanna úsáide Gaeilge i scoileanna an cheantair i gcomhpháirtíocht le múinteoirí.

Ceangail úsáid na Gaeilge sa seomra ranga lena húsáid lasmuigh de trí ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a reáchtáil (.i. cur le sóisialú na ndaltaí i nGaeilge).

Cothaigh dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge i measc scoláirí, múinteoirí agus foireann iomlán na scoile araon.

M.9 An Tairiscint Ghníomhach & Tearmainn Teanga

Aidhm:

Cruthaigh tuilleadh deiseanna soiléire úsáide Gaeilge atá tarraingteach go háitiúil i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí agus le gnólachtaí an cheantair.

Cur síos:

Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí agus ag gnólachtaí sa cheantar, ní hamháin i dtaca le fostaíocht ach maidir le húsáid teanga. Tá úsáid na Gaeilge ag brath go mór ar an tacaíocht institiúideach sin de bharr an chomhthéacs leochailigh shochtheangeolaíoch ina mairimid (Ní Dhúda, 2010).

Thiocfadh le hionaid oibre, eagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla feidhmiú ina dtearmainn teanga ach an toil agus an cumas teanga a bheith ann chuige sin. Is ionann 'tearmann' teanga agus ionad aitheanta eiseamláireach ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid.

Moltar tarraingt ar chóras Cheanada, 'an tairiscint ghníomhach' chun rogha shoiléir teanga a chur ar a súile do dhaoine. Leis an gcur chuige seo, déanann soláthróirí seirbhísí (.i. oibrithe sna gnólachtaí agus sna heagraíochtaí) gach iarracht chun a gcuid seirbhísí dátheangacha a fhógairt (m.sh. beannú do gach custaiméir i nGaeilge, fógra Gaeilge ag an scipéad airgid agus/nó ar an doras tosaigh agus mar sin de).

Is í aidhm na tairisceana gníomhaí a chinntiú go mbraithfidh an pobal níos compordaí agus iad ag plé leis an eagraíocht ina rogha teanga agus/nó an Ghaeilge a úsáid gan stró más mian leo (Walsh & McLeod, 2008:34).

Cur chuige molta:

Moltar don bhainisteoir teanga gach iarracht a dhéanamh dul i gcion orthu siúd a chuireann seirbhísí ar fáil sa cheantar feidhme agus eagraíochtaí áitiúla a ghríosú chun (i) páirt a ghlacadh sa scéim dheonach (ii) plean teanga dá gcuid féin a réiteach agus a fheidhmiú (iii) breathnú i dtreo an bhearna idir cumas sa Ghaeilge agus úsáid a bhaint aisti a dhruid, trí dheiseanna soiléire úsáide Gaeilge a chur ar fáil.

Caithfear

- buntáistí na Gaeilge agus na scéime deonaí seo a shoiléiriú dóibh
- tacaíocht, traenáil agus acmhainní a chur ar fáil (m.sh. cúrsa oiliúna sa chinnireacht teanga a reáchtáil i measc daoine atá ag obair i ngnólachtaí, le plé in M.10)
- dul i bhfeidhm ar mhuintir na háite chun seirbhísí trí Ghaeilge a lorg agus a úsáid.

Moltar rogha teanga a chur ar fáil go soiléir furasta in eagraíochtaí na háite, agus/nó deiseanna tarraingteacha úsáide Gaeilge a chruthú.

Tá leabhrán eolais ar fáil a bhfuil mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do lucht gnó agus d'eagraíochtaí a bplean teanga féin a réiteach agus a fheidhmiú agus chun cur lena seirbhísí, gnó agus comharthaí trí mheán na Gaeilge (féach Ní Dhúda 2013, ar fáil ag http://ionaddeirbhile.ie/an-ghaeilge/pleanail-teanga-lamhleabhar2013).

D'fhéadfaí comórtas Gaeilge a eagrú i measc ghnólachtaí agus eagraíochtaí an bhaile gach bliain agus mórócáid bhliantúil a reáchtáil chun duaiseanna a bhronnadh (féach m.sh. Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh atá á reáchtáil ag www.gleg.ie, gradam Gnó le Gaeilge ag www.gnomhaigheo.ie).

Spriocanna samplacha:

Cuir borradh faoin scéim dheonach pleanála teanga i measc ghnólachtaí agus eagraíochtaí na háite.

Cuir le líon agus caighdeán na ndeiseanna úsáide Gaeilge i measc an phobail go hincriminteach.

Cuir le líon na dtearmann lán-Ghaeilge sa cheantar go céimnithe.

Acmhainní / Eolas breise:

An tSiombail G agus an tairiscint ghníomhach mar chuid de scéim teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh www.nuigalway.ie/sceim_na_hollscoile

Foras na Gaeilge www.gaeilge.ie/gno

Glór na nGael www.glornangael.ie

M.10 Cinnirí Teanga

Aidhm:

Reáchtáil sainchúrsa oiliúna i spreagadh na Gaeilge nó sa chinnireacht teanga chun (i) cinnirí teanga a spreagadh agus a chumasú (ii) cur le húsáid na Gaeilge i measc an phobail.

Cur síos:

Úsáidtear an Béarla i dtosach nó mar theanga réamhshocraithe go forleathan in Éirinn an lae inniu. Mar sin féin, is féidir labhairt na Gaeilge a chinntiú nuair a dhéanann duine amháin cinneadh agus/nó seasamh pearsanta go labhrófaí Gaeilge (Ní Dhúda, 2010:361). D'fhéadfaí tógáil ar an nósmhaireacht seo agus daoine eile a mhealladh chun gníomhú ar an gcaoi sin agus comhrá Gaeilge a spreagadh, a stiúradh agus chun úsáid na Gaeilge a chinntiú.

Is ionann 'cinnire teanga' agus duine a dhéanann iarracht réamhghníomhach leanúnach chun iompar teanga agus dearcaí teanga thart timpeall air/uirthi a athrú nó a stiúradh (Ní Dhúda, 2010).

Bíonn an cinnire teanga seasmhach agus feasach maidir le húsáid na Gaeilge

a spreagadh agus a bhainistiú go comhfhiosach leanúnach agus ar bhonn dearfach measúil (m.sh. tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge). Ar scála níos leithne, moltar dul i ngleic le heaspa misnigh i leith labhairt na Gaeilge i measc an phobail, ceannaireacht na ndaoine áitiúla a mhealladh nó a fhorbairt ionas go mbeidh siad muiníneach labhairt ar a son féin.

Cur chuige molta:

D'fhéadfaí sraith ceardlann sa chinnireacht teanga a reáchtáil do phobal agus do pháirtithe leasmhara na Gaeilge sa cheantar, le cúnamh agus le treoir ó dhuine le taithí sa réimse seo.

Moltar tosaíocht a thabhairt dóibh seo a leanas:

- daoine a bhfuil plé acu leis an óige agus/nó leis an bpobal. (M.sh. maoirseoirí an chlub óige, bainisteoirí peile, múinteoirí scoile, freastalaithe, oibrithe sna gnólachtaí áitiúla, mná tí, srl.).
- daoine a bhfuil fonn láidir orthu agus cinneadh pearsanta déanta acu ar son na Gaeilge ina saol laethúil agus cumas acu chuige sin (M.sh. tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, daoine atá ag gníomhú ar son na Gaeilge as a stuaim féin).
- daoine óga áitiúla, chun iad a chur ag smaoineamh ar a ról sa phróiseas pleanála teanga agus iad a mhealladh chun gníomhú ina gcinnirí teanga.

Moltar cur le feasacht teanga na gcainteoirí Gaeilge seo faoina dtionchar teanga i measc an phobail agus a ról tábhachtach tacaíochta agus ceannaireachta go háitiúil.

Mar chuid den sainchúrsa oiliúna seo sa chinnireacht teanga, is gá díriú go sonrach orthu seo:

- féinmhuinín, scileanna cumarsáide agus ceannaireachta an chinnire féin ionas go mbeidh sé/sí ábalta agus sásta daoine eile a mhealladh agus a spreagadh chun Gaeilge a labhairt. Mar shampla, comhrá i nGaeilge a thosú agus/nó comhrá a iompú ar an nGaeilge.
- bainistiú éifeachtach na Gaeilge ar bhonn dearfach i suíomh neamhfhoirmiúil (m.sh. sa siopa nó sa chlub óige).

D'fhéadfaí ócáid bhliantúil a eagrú chun aitheantas a thabhairt do chinnirí teanga áitiúla agus a gcuid oibre ar son na Gaeilge go háitiúil.

Spriocanna samplacha:

Cuir le líon na gcinnirí teanga oilte atá ag feidhmiú sa cheantar gach bliain.

Acmhainní / Eolas breise:

Caithfear leabhrán eolais (agus acmhainní cuí eile) faoin gcinnireacht teanga a chur i dtoll a chéile fós chun cuidiú leis seo (féach m.sh. aguisín 1).

Cúrsa ceannaireachta do Ghaeilgeoirí óga www.uisce.ie

M.11 Feachtas Feasachta Teanga

Aidhm:

Eagraigh agus seol feachtas feasachta teanga go háitiúil.

Cur síos:

Tá an phleanáil teanga dúshlánach toisc go mbíonn fonn an duine féin i gceist. Téann dearcadh i bhfeidhm ar iompar teanga nó tá nasc cigilteach ach doiléir idir dearcadh teanga agus úsáid teanga (Ní Dhúda, le foilsiú). Mar a mhíníonn Ó hIfearnáin, ní dhéantar i gcónaí de réir a chreidtear (2006:11).

Níor cheart a bheith ag súil go dtiocfaidh athrú ar iompar teanga, má chothaíonn tú dearcthaí dearfacha nó fonn amháin. Tá dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge fíorthábhachtach ach ní leor iad amháin chun úsáid na Gaeilge a mhéadú (m.sh. luann Grin (2003) deiseanna úsáide agus cumas chomh maith). Ag an am céanna, tugann dearcthaí dearfacha misneach, dóchas, spreagadh do lucht labhartha na Gaeilge agus don dream i mbun na pleanála teanga.

Cur chuige molta:

Moltar feachtas feasachta teanga a eagrú agus a sheoladh go háitiúil. Feachtas eolais maidir leis an nGaeilge agus feachtas rannpháirtíochta chun úsáid na Gaeilge a mhealladh atá i gceist leis seo, ag míniú;

- na roghanna teanga agus na deiseanna úsáide teanga atá ag muintir na háite. Tá seans níos fearr ann go labhrófaí Gaeilge má labhraítear Gaeilge ag tús an chomhrá agus d'fhéadfaí feasacht teanga mhuintir na háite a fheabhsú agus a dhíriú air sin. Mar shampla, is féidir an bheannacht a úsáid mar uirlis chun comhrá i nGaeilge a spreagadh agus a bhainistiú (Ní Dhúda, 2010).
- fiúntas eacnamaíoch agus luach oideachasúil na Gaeilge. Ní éireoidh le teanga dul chun cinn a dhéanamh, mura bhfeictear go bhfuil fiúntas ag baint léi, go háirithe, fiúntas eacnamaíoch agus oideachasúil (Webb, 2002).
- deiseanna agus buntáistí breise na Gaeilge. Soiléirigh buntáistí an dátheangachais agus buntáistí breise na Gaeilge don duine agus don phobal (.i. fostaíocht, oidhreacht, cultúr, agus mar sin de) chun cur le stádas agus le gradam na Gaeilge i súile mhuintir na háite.
- ról na gceannairí agus an chainteora Gaeilge féin dea-shampla a léiriú maidir le labhairt na Gaeilge, agus mar sin de.

D'fhéadfaí nuachtlitir eolais atá tarraingteach, faisnéiseach, físiúil agus dírithe ar an bhfeasacht teanga a dhearadh agus a chur chuig gach teaghlach sa cheantar uair sa mhí.

D'fhéadfaí seoladh oifigiúil a dhéanamh ar an scéim seo mar chuid d'fhéile nua Ghaeilge sa cheantar feidhme, 'Féile na Gaeilge' agus/nó mar chuid den fhéile ealaíon fhadbhunaithe.

D'fhéadfaí lá oscailte Gaeilge agus/nó maidin chaife nó lón trí Ghaeilge a eagrú go rialta ach go ndéanfaí poiblíocht ar imeachtaí sóisialta, agus cúrsaí Gaeilge ar fud an cheantair freisin.

Dá fheasaí iad muintir na háite ar na dearcthaí teanga ina measc, is ea is cumasaí a bheidís le dul i ngleic leo amach anseo, más mian leo. D'fhéadfaí níos mó taighde a dhéanamh ar noirm shóisialta agus/nó dearcthaí teanga a rialaíonn úsáid na Gaeilge go háitiúil agus cur leis an bhfeachtas feasachta teanga ar an gcaoi sin.

Múscail bród áite agus mórtas Gaeilge mar iarracht chun an pobal a tharraingt le chéile ar son cúrsaí teanga agus easaontú inmheánach a laghdú.

D'fhéadfaí ceangal straitéiseach a chothú le ceantar uirbeach, nó ceantar Gaeltachta, nó ceantair eile ina labhraítear mionteanga agus atá i mbun iarrachtaí pleanála teanga.

Spriocanna samplacha:

Cothaigh dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus labhairt na Gaeilge. Méadaigh tuiscintí an phobail maidir leis an staid reatha shochtheangeolaíoch agus próiseas na pleanála teanga go háitiúil.

Spreag an duine aonair chun gnímh nó chun an Ghaeilge a úsáid i gcom-hthéacsanna eile agus na deiseanna úsáide Gaeilge atá ar fáil a thapú.

Acmhainní / Eolas breise:

Ciorcal comhrá 'Is leor beirt' www.cnag.ie

Bileog REOG maidir le páiste a thógáil le Gaeilge www.ctt@ahg.gov.ie

M.12 An Tírdhreach Teangeolaíoch

Aidhm:

Méadaigh feiceálacht na Gaeilge sa cheantar.

Cur síos:

Tagraíonn an tírdhreach teangeolaíoch d'úsáid na Gaeilge sa spás poiblí, ar chomharthaí, ar fhógraí, sna meáin chumarsáide agus shóisialta (Shohamy, 2006). Tugann an tírdhreach teangeolaíoch léargas ar mhianta an phobail i leith na Gaeilge, nod go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge san áit (.i. cineál eile spreagtha) agus cuireann sé le cumas fulangach an phobail sa Ghaeilge.

Cur chuige molta:

Moltar an Ghaeilge a dhéanamh níos sofheicthe sa cheantar. Mar shampla:

Moltar ceangal a chothú leis an gComhairle Contae agus soláthróirí seirbhísí chun go mbeidh níos mó Gaeilge ar chomharthaí bóthair, comharthaí eolais, comharthaí poiblí srl.

Moltar gnólachtaí a mhealladh chun

fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge mar shampla; ainm, stáiseanóireacht, suímh idirlíon, feistis oibre, feithiclí oibre agus mar sin de, leis an nGaeilge in uachtar orthu.

Mar chuid den fheachtas feasachta teanga agus ag teacht le spiorad rannpháirteach na pleanála teanga, moltar cumarsáid shoiléir rialta a dhéanamh leis an bpobal trí na meáin shóisialta agus chumarsáide.

Chuige sin, d'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar shuíomh idirlín pleanála teanga go háitiúil, leathanach Facebook agus nuachtlitir leictreonach nó ríomhiris a fhorbairt ar a mbeadh mír shoiléir ar leith faoi chúrsaí Gaeilge an cheantair, an stáisiún raidió áitiúil a mhealladh chun clár nó fógraí a dhéanamh i nGaeilge agus mar sin de.

Spriocanna samplacha:
Céatadán áirithe de chomharthaí príobháideacha a aistriú go Gaeilge chruinn nó go dátheangach le Gaeilge in uachtar orthu gach bliain.

Acmhainní / Eolas breise:
Seanscéim Údarás na Gaeltachta 'An Baile Beo' agus www.gleg.ie

M.13 Seirbhísí Stáit

Aidhm:
Cuir seirbhísí stáit ar fáil go soiléir agus go furasta i nGaeilge.

Cur síos:
Is iarracht ar réiteach é *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003* toisc go bhfuil úsáid an Bhéarla i bhfad níos treise ná úsáid na Gaeilge sa státchóras. Den chéad uair ó bunaíodh Poblacht na hÉireann tá dualgas reachtúil ar eagraíochtaí stáit feabhas a chur ar an tseirbhís Ghaeilge a sholáthraíonn siad. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Acht ag an am a raibh an saothar seo á scríobh agus ní fios fós cén leagan amach a bheidh ar an reachtaíocht úr. Cuireann tacaíocht oifigiúil den chineál seo le stádas na Gaeilge i súile an phobail. Níl Acht Teanga i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann fós ach táthar ag súil leis.

Cur chuige molta:
Moltar cearta teanga an duine agus dualgais an stáit faoin Acht a chur ina luí ar an bpobal go soiléir agus i gcomhpháirtíocht le hOifig an Choimisinéara Teanga.

D'fhéadfaí, mar shampla, bileoga eolais a scaipeadh, póstaeir a chur ar fáil, oíche eolais a reáchtáil chun gach eolas ábhartha faoin Acht a roinnt i measc an phobail .i. na deiseanna úsáide Gaeilge atá dlite agus ar fáil a shoiléiriú (m.sh. le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Roinn Coimirce Sóisialaí, na Gardaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, cúirteanna agus mar sin de).

D'fhéadfaí taighde a dhéanamh go háitiúil ar sholáthar na seirbhísí stáit sa cheantar feidhme agus moltaí nó aighneachtaí a réiteach dá réir sin (Ó Cinnseala et al, 2011:45).

Moltar don bhainisteoir teanga ceangal a chothú leis an oifigeach Gaeilge sa chomhairle contae freisin, chun borradh a chur faoi fhógraíocht na seirbhísí Gaeilge atá á dtairiscint ina scéim teanga agus mar sin de.

Moltar don bhainisteoir teanga soláthróirí na seirbhísí stáit sa cheantar a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa scéim dheonach pleanála teanga agus/nó sna ceardlanna sa chinnireacht teanga.

Spriocanna samplacha:
Cuir feabhas ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge sa cheantar feidhme go céimnithe, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara cuí.

Spreag muintir na háite chun an Ghaeilge a úsáid i mbun plé leis an státchóras.

Acmhainní / Eolas breise:
www.coimisineir.ie

M.14 Eaglais

Aidhm:
Méadaigh úsáid agus feiceálacht na Gaeilge i seirbhísí creidimh an cheantair de réir a chéile.

Cur síos:
Tá an-chumhacht agus seasamh ag institiúidí cosúil leis an eaglais norm teanga a bhunú agus a bhuanú (Ní Dhúda, 2010:331). Chuirfeadh tearmann teanga an tséipéil ionad eile ar fáil ina bhfuil cúis shoiléir an Ghaeilge a úsáid, comhthéacs eile ar fáil chun í a chothú agus a chloisteáil go háitiúil. Téann deiseanna úsáide teanga den chineál seo i bhfeidhm ar mheon na ndaoine i leith na Gaeilge agus cumas teanga mhuintir na háite.

Cur chuige molta:
Moltar don bhainisteoir teanga dul i gcomhairle leis an gcléir agus leis an deoise réigiúnach agus iad a mhealladh chun plean teanga a réiteach nó páirt a ghlacadh sa scéim dheonach pleanála teanga. Moltar gach tacaíocht agus misneach a thabhairt don chléir áitiúil i dtaca leis an nGaeilge.

D'fhéadfaí cur leis an méid Gaeilge a chloistear sa séipéal diaidh ar ndiaidh (m.sh. go mbeidh bileoga Aifrinn agus na hiomainn i nGaeilge i dtosach, ansin na paidreacha agus na léachtaí agus mar sin de).

D'fhéadfaí leabhrán de phaidreacha na háite agus iomainn Ghaeilge a chur i dtoll a chéile, i gcomhpháirtíocht le bunscoileanna an cheantair.

Spriocanna samplacha:
Reáchtáil aifreann nó seirbhís iomlán trí Ghaeilge sa cheantar uair sa tseachtain faoi X.

Acmhainní / Eolas breise:
Cumann na Sagart:
www.cumannnasagart.ie

An Bíobla Naofa as Gaeilge
www.anbioblanaofa.org

M.15 Úsáid na Gaeilge go Sóisialta

Aidhm:
Méadaigh úsáid na Gaeilge i gcomh-théacsanna neamhfhoirmiúla sóisialta.

Cur síos:
Tá cur chuige na ngréasán an-fheiliúnach i gcás na Gaeilge toisc go bhfuil formhór de chainteoirí Gaeilge an lae inniu scáinte scaipthe trí mhórphobal Béarla. Go minic, braitheann úsáid na Gaeilge ar na cainteoirí atá i gceist agus ar na ceangail idir na cainteoirí sin (.i. an gréasán) (Ní Dhúda, 2010). Tá tábhacht faoi leith le cothú agus le buanú na ngréasán Gaeilge mar chuid de phróiseas na pleanála teanga (Ó Giollagáin et al, 2007:28). Labhraítear an Ghaeilge go rialta réamhshocraithe gan cheist. Faoi mar a mhíníonn Milroy:

A close knit network structure is an important mechanism of language maintenance, in that speakers are able to form a cohesive group capable of resisting pressure, linguistic and social, from outside the group (1987:182).

Tá obair uaillmhianach fhadtéarmach i gceist le gréasáin nua a chruthú, ach le tearmainn teanga, cinnirí teanga, fonn agus cumas teanga, is féidir aidhm mar seo a bhaint amach.

Cur chuige molta:
Mar chéad chéim, moltar úsáid laethúil agus neamhfhoirmiúil na Gaeilge a mhéadú sa cheantar feidhme, agus breathnú i dtreo líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais a ardú go hincriminteach.

Moltar struchtúr eagraithe agus rialta a chur ar imeachtaí Gaeilge an cheantair do gach aoisghrúpa ó bhliain go bliain (.i. imeachtaí a mbeadh suim ag an bpobal iontu agus éileamh orthu).

Moltar cur le líon agus le caighdeán na n-imeachtaí sóisialta seachtainiúla trí Ghaeilge do gach aoisghrúpa, de réir a chéile, i gcomhpháirtíocht le cinnirí teanga oilte agus breathnú i dtreo saol sóisialta trí Ghaeilge a mhealladh.

D'fhéadfaí lárionad teanga agus pobail a roghnú sa cheantar feidhme agus na himeachtaí seo ar fad a reáchtáil ann. Chuirfí le líon na n-ionad lán-Ghaeilge sa cheantar agus chinnteofaí áit eile ina

bhfuil cúis shoiléir an Ghaeilge a úsáid dá réir sin. D'fhéadfaí oifig an bhainisteora teanga, ionad buail isteach, teanglann, club óige a lonnú ann srl.

Diaidh ar ndiaidh, d'fhéadfaí breathnú i dtreo gréasáin nua Ghaeilge a chruthú agus a spreagadh de réir a chéile, timpeall ar na tearmainn lán-Ghaeilge agus/nó ag tógáil ar an infreastruchtúr sna scoileanna, sna clubanna óige, sna cumainn spóirt, sna coláistí samhraidh, cuir i gcás.

D'fhéadfaí, mar shampla, úsáid na Gaeilge ar scoil nó sa naíonra a nascadh lena húsáid lasmuigh de, chun cur le sóisialú na ndaoine óga trí Ghaeilge, faoi mar a tharlaíonn sna clubanna óige, agus breathnú i dtreo gréasán Gaeilge agus ógchultúr trí Ghaeilge a mhealladh in imeacht ama.

D'fhéadfaí iarracht a dhéanamh gréasán Gaeilge a chothú timpeall ar ghrúpa na dtuismitheoirí agus páistí, cuir i gcás. Chuige sin, chaithfí polasaí soiléir Gaeilge a aontú agus feasacht a ardú maidir leis an nGaeilge a úsáid ar dtús agus go leanúnach.

D'fhéadfaí gréasán nua Gaeilge a chothú trí mheán na fostaíochta lán-Ghaeilge a chruthú nó a chothú sa cheantar, i bpáirt le coláiste samhraidh nó gnólacht eile, cuir i gcás.

D'fhéadfaí scéim fiontraíochta trí Ghaeilge a eagrú agus/nó fostaíocht a mhealladh i réimse na Gaeilge (Ó Giollagáin et al, 2007:30) (m.sh. seirbhísí aistriúcháin, cúrsaí nua Gaeilge a fhorbairt do dhaoine fásta, do thuismitheoirí, d'ábhair oidí, do scoláirí idirnáisiúnta srl.).

Spriocanna samplacha:
Úsáid na Gaeilge a éascú agus a mhéadú i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla.
Líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go sóisialta a mhéadú.

Dul i bhfeidhm ar iompar teanga le go mbainfidh daoine úsáid as an nGaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla as a stuaim féin.

Gréasáin nua Ghaeilge a chruthú in imeacht ama.

Acmhainní / Eolas breise:
An Cabaret Craiceáilte: sampla d'ócáid shóisialta thaitneamhach do dhaoine fásta i nGaeilge.
Oireachtas na Gaeilge
www.antoireachtas.ie

M.16 Cothú an Phobail

Aidhm:
Ceangail an próiseas pleanála teanga le forbairt iomlán an phobail.

Cur síos:
Tá nasc idir an phleanáil teanga agus forbairt iomlán an phobail. Is gá don phleanáil teanga cúram a dhéanamh de chothú agus d'fhorbairt an phobail féin (m.sh. forbairt pobail, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil, eacnamaíoch agus mar sin de) ionas

(i) go mbeidh daoine in ann fanacht sa bhaile agus/nó sásta lonnú sa cheantar agus clann a thógáil ann

(ii) nach bhfuil an pobal faoi aon mhór-mhíbhuntáiste agus ar comh-chéim le pobail eile i dtéarmaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus mar sin de (Mac Donnacha, 2000:20)

(iii) go mbeidh an pobal inmharthana i dtéarmaí eacnamaíochta agus sóisialta. Faoi mar a mhíníonn Romaine:

The preservation of a language in it's fullest sense ultimately entails the maintenance of the group who speaks it, and therefore arguments in favour of doing something to reverse language death are ultimately about preserving and sustaining viable communities (2006:457).

Cur chuige molta:
Tá céimeanna éagsúla mar chuid de phróiseas na pleanála teanga (léaráid 1). Baineann an phleanáil teanga féin le sraith idirghabhálacha dlúthnasctha (m.sh. 1-15 thuasluaite). Is gá, mar sin, comhordú a dhéanamh orthu seo:

- na gníomhaíochtaí éagsúla mar chuid den phróiseas
- na hidirghabhálacha mar chuid den phleanáil teanga féin
- agus iad a cheangal le forbairt iomlán an phobail. Mar shampla, forbairt shóisialta, eacnamaíoch, thionsclaíoch agus chultúrtha srl.

D'fhéadfaí, cuir i gcás, breathnú i dtreo fostaíocht a chruthú nó a mhealladh i réimse na Gaeilge go háitiúil (Ó Giollagáin et al, 2007:30).

Ní mór a chinntiú go bhfuil seirbhísí agus riachtanais bhunúsacha ar fáil don phobal

agus i nGaeilge más cuí (m.sh. bóithre, scoileanna, idirlíon, páirceanna peile, seirbhísí sláinte, deiseanna oiliúna srl.).

Is fiú a dheimhniú go gcuirtear an próiseas pleanála teanga don Ghaeilge san áireamh i bplean forbartha an chontae agus mar sin de.

Spriocanna samplacha:

Tabhair faoin bpróiseas pleanála teanga go comhordaithe, rannpháirtíoch, féaráilte ionas go mbeidh an próiseas chun tairbhe an phobail, chun leasa na Gaeilge agus earnálacha éagsúla ag obair as láimh a chéile.

Conclúid

Tugtar léargas sa lámhleabhar seo ar a dhúshlánaí, a chigiltí agus a chuimsithí is atá próiseas na pleanála teanga. Tá an phleanáil teanga thar a bheith ilghnéitheach. Is gá raidhse leathan fachtóirí éagsúla (teangeolaíocha agus eile) a chur le háireamh an phróisis. Tugann Spolsky agus Shohamy rogha don bhainisteoir teanga agus don phobal i dtaobh an phróisis pleanála teanga sa sliocht seo a leanas (i) tabhairt faoin bpleanáil teanga go seiftiúil córasach dinimiciúil, mar a bheadh surfálaí oilte nó (ii) bunús míréadúil ró-uaillmhianach aonuaire a chur faoin bpróiseas, mar a rinne an rí Canute:

... school children still learn about a semi-mythical Danish king, King Canute, who unsuccessfully ordered the waves of the sea to stop. That is the image of the unsuccessful policy maker. Our second image is the surfer, whose skills and understanding of tides and winds and currents, makes it possible to move safely and effectively over chaotic seas. The policy maker must choose to be Canute or the surfer (1999:63/4).

Baineann an phleanáil teanga le daoine ach go háirithe. Is é an plean teanga is feiliúnaí agus is éifeachtaí ná an plean atá tuisceanach ar mhuintir na háite agus a nósmhaireachtaí teanga. Is fánach a bheith ag caint ar aidhmeanna teanga nó ar ghníomhaíochtaí idirghabhála gan machnamh ceart a dhéanamh air sin.

Is féidir labhairt na Gaeilge a chinntiú nuair a dhéanann duine amháin cinneadh agus seasamh go labhróidh sé/sí an Ghaeilge (Ní Dhúda, 2010). Tá an rogha agus an gníomh sin fíorthábhachtach. Is faoin duine sin agus a phobal féin atá todhchaí na Gaeilge.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí, Glór na nGael, Pádraig Ó Ciadhra, Cathaoirleach, Glór na Gael agus an Dr Gearóid Trimble, Foras na Gaeilge, a chuidigh liom ó thús an tionscadail.

Gabhaim buíochas leis an Dr John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a léigh dréacht den lámhleabhar agus a chabhraigh liom mo thuiscint ar choincheap an pholasaí teanga a fhorbairt mar chuid de mo thráchtas PhD.

Táim faoi chomaoin ag Seosamh Mac Donnacha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a roinn eolas maidir le próiseas na pleanála teanga liom.

Tá mé buíoch den tSeirbhís Aistriúcháin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a léigh dréacht den saothar dom.

Mo bhuíochas le Cillian Ó Mongáin as an dearadh slachtmhar a chuireann go mór leis an téacs.

Aguisín 1
Seicliosta do Phlean Teanga

(i) Bunús acadúil na hoibre	Cén chreatlach acadúil a bheidh in úsáid chun an obair a stiúradh? Féach mar shampla múnla Spolsky, lgh 10-11
(ii) Eolas faoin gcoiste stiúrtha	Cé atá ar an gcoiste stiúrtha agus cén ról atá acu sa phróiseas? Féach mar shampla léaráid 4, lgh 16-17
(iii) Modheolaíocht	Cén córas a bheidh in úsáid chun taighde a dhéanamh ar an staid reatha? Féach mar shampla Céim 1.
(iv) Próifíl an cheantair feidhme	Déan cur síos ar cheantar feidhme an phlean nó an limistéar pleanála teanga. Mar shampla, daonra, méid & cineál an cheantair, na toghcheantair atá i gceist srl. Féach chomh maith Céim 1.
(v) Príomhthorthaí taighde	Déan cur síos ar staid reatha na Gaeilge agus an Bhéarla sa cheantar feidhme. Mar shampla, dar leis an Daonáireamh, tá cumas sa Ghaeilge ag X% den phobal, labhraíonn Y% an Ghaeilge go laethúil srl. Tugadh le fios ag grúpaí fócais go bhfuil géarghá le Z chun cúrsaí Gaeilge a fheabhsú sa cheantar, agus mar sin de. Féach chomh maith Céim 1.

(vi) Fís teanga an phobail	Mínigh mórsprioc an phobail i dtaobh na Gaeilge sa cheantar feidhme Féach mar shampla Céim 2.
(vii) Aidhmeanna teanga	Liostaigh aidhmeanna teanga an phobail (chun an fhís a fhíorú agus staid reatha na Gaeilge a láidriú sa cheantar) Féach mar shampla Céim 2 & mír M.
(vii) Gníomhaíochtaí idirghabhála	Mínigh na gníomhaíochtaí idirghabhála atá beartaithe, nó an cur chuige molta chun na haidhmeanna teanga a bhaint amach Féach mar shampla Céim 3 & mír M.
(ix) Spriocanna teanga	Liostaigh spriocanna teanga an phobail. Cuir na spriocanna in ord tábhachta agus in oiriúint don cheantar feidhme Féach mar shampla Céim 4 & mír M.
(x) Córas monatóireachta	Mínigh an córas monatóireachta a bheidh in úsáid chun athbhreithniú rialta a dhéanamh, amscála, freagrachtaí a leagan amach, leasuithe a dhéanamh más gá. Féach mar shampla Céim 4.

Aguisín 2
An Cinnire Teanga

Tréithe	Ról
Díograiseach & réamhghníomhach maidir le húsáid na Gaeilge	Comhráite Gaeilge a thosú, a spreagadh agus a bhainistiú
Seasmhach, leanúnach foighneach maidir le húsáid na Gaeilge & í a chur chun cinn	Seiftiúil & cuiditheach maidir le daoine eile a spreagadh agus a mhealladh i dtreo na Gaeilge
Dearfach i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge	Measúil & féaráilte: gan breithiúnas a dhéanamh ar rogha ná ar iarrachtaí daoine eile
Féinmhuiníneach & sásta seasamh amach ón slua / an Ghaeilge a úsáid	Atreisiú dearfach: aitheantas nó moladh a thabhairt / duaiseanna a bhronnadh
Dea-shampla & ceannaireacht a léiriú i gcónaí ar son na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge	Freagrach as plean teanga na heagraíochta a chur i bhfeidhm & dialann teanga a choinneáil
Scileanna maithe éisteachta, cumarsáide & tabhairt faoi deara	

Samplaí	Tábhacht
Club óige: CT: Tabhair dom an liathróid le do thoil What? CT: An liathróid – chugam – anseo Togha CT: Go raibh maith agat Teach: Mam, where's my easter egg? CT: Céard? Gaeilge, le do thoil Níl aon suim agam Gaeilge a labhairt CT: Le do thoil, a Sheáin, labhraíomar faoi seo cheana. Inseoidh mé duit má iarrann tú i nGaeilge A Mham, cár chuir tú m'ubh Cásca?' CT: Maith thú, tá sé i bhfolach agam, sa chófra thíos faoin doirteal Siopa: CT: Cén chaoi bhfuil tú a Mháire? Ah alright! CT: Tuige? Fuair muid drochscéal ar maidin ... Seirbhísí eile: CT: An bhfuil Gaeilge agat? Fan nóiméad le do thoil CT: Go raibh maith agat	Tá comhthéacs na Gaeilge in Éirinn ag athrú ó bhonn. Ní labhraítear an Ghaeilge go forleathan. Ní féidir glacadh leis go labhrófaí an Ghaeilge i dtosach nó gan cheist. Go minic teastaíonn: • cinneadh pearsanta • gníomh pleanáilte • seasamh & díograis an duine féin i leith labhairt na Gaeilge Tá an rogha phearsanta sin i bhfabhar na Gaeilge á léiriú agus á mealladh ag cinnire teanga .i. deiseanna úsáide Gaeilge a chruthú & a spreagadh i suíomhanna éagsúla Nósanna nua Gaeilge a aontú agus a bhuanú in imeacht ama

Aguisín 3

Réimsí na 6 Cheanneagraíocht Uile-Oileáin

Eagraíocht	Réimse
Gaelscoileanna Teoranta www.gaelscoileanna.ie	Gaeloideachas / Tumoideachas & Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge
Gael Linn www.gael-linn.ie	Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh & deiseanna úsáide do dhaltaí scoile
Glór na nGael www.glornangael.ie	Forbairt pobail & eacnamaíochta
Oireachtas na Gaeilge www.antoireachtas.ie	Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge & le bunú gréasán
Conradh na Gaeilge www.cnag.ie	Ardú feasachta, cosaint teanga & ionadaíocht
Cumann na bhFiann www.colaistenabhfiann.ie	Forbairt deiseanna úsáide Gaeilge & gréasán do dhaoine óga

Leabharliosta

Leabhair

Bryman, A., 2004. Social Research Methods, Second Edition. Oxford: Oxford University Press.

Cooper, R.L., 1989. Language Planning and Social Change. Cambridge: Cambridge University Press.

Creswell, J.W., 2003. Research Design: Qualitative, Quantitative and Mixed Methods Approaches. Thousand Oaks & London: Sage Publications.

Crystal, D., 2000. Language Death. Cambridge: Cambridge University Press.

Fishman, J.A. (eag.), 2001. Can Threatened Languages be Saved? Reversing Language Shift, Revisited: a 21st Century Perspective. Clevedon: Multilingual Matters.

Fishman, J.A., 1991. Reversing Language Shift: Theoretical and Empirical Foundations of Assistance to Threatened Languages. Clevedon: Multilingual Matters.

Grenoble, L.A., Whaley, L.J., 2006. Saving Languages: An Introduction to Language Revitalisation. Cambridge: Cambridge University Press.

Grin, F., 2003. Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages. UK: Palgrave Macmillan.

Hinton, L., 1999. A manual for the master and apprentice learning program. Visalia, CA : Advocates of Indigenous California Language Survival.

Hinton, L., Hale, K., 2001. The Green Book of Language Revitalisation in Practice. San Diego: Academic Press.

Huss, L., 1999. Reversing language shift in the Far North: linguistic revitalization in Northern Scandinavia and Finland. Acta Universitatis Upsaliensis: Uppsala University Library.

Kaplan, R., Baldauf, R., 1997. Language Planning: from practice to theory. Clevedon: Multilingual Matters.

Krueger, R.A., Casey, M.A., 2000. Focus Groups: A Practical Guide for Applied Research. Thousand Oaks, London: Sage.

McCloskey, J., 2001. Guthanna in Éag: An mairfidh an Ghaeilge beo? Baile Átha Cliath: Cois Life.

Milroy, L., 1987. Language and Social Networks. Oxford, Blackwell.

Ó hIfearnáin, T., 2006. Beartas Teanga. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Shohamy, E., 2006. Language Policy: Hidden Agendas and New Approaches. London, New York: Routledge.

Spolsky, B., Shohamy, E., 1999. The Languages of Israel: Policy, Ideology and Practice. Clevedon: Multilingual Matters.

Spolsky, B., 2004. Language Policy. Cambridge: Cambridge University Press.

Spolsky, B., 2009. Language Management. Cambridge: Cambridge University Press.

Swann, J., Deumert, A., Lillis, T., Mesthrie, R., 2004. A Dictionary of Sociolinguistics. Edinburgh: Edinburgh University Press.

Webb, V., 2002. Language in South Africa: The role of language in national transformation, reconstruction and development. Amsterdam & Philadelphia: John Benjamins Publishing.

Ailt i Leabhair

Dauenhauer, N.M., Dauenhauer, R., 1998. 'Technical, emotional, and ideological issues in reversing language shift: examples from Southeast Alaska'. I: Grenoble, L.A., Whaley, L.J. (eag.) Endangered Languages: Current Issues and Future Prospects. Cambridge: Cambridge University Press, 57-98.

Hornberger, N., 2006. 'Frameworks and Models in Language Policy and Planning'. I: Ricento, T. (eag.) An Introduction to Language Policy: Theory and Method. Malden: Blackwell, 24-42.

Ní Dhúda, L., 2014. 'Gaeltacht Mhaigh Eo an Lae Inniu: Staidéar Cainníochtúil'. I: Moran, G., Nolan, W., agus Ó Muraíle, N. (eag.) Mayo: History and Society. Geography Publications.

Ní Dhúda, L., (le foilsiú). 'Éagsúlacht agus Contrárthacht na gCreideamh Teanga sa Bhreacbhaile'. I: Ó hIfearnáin, T. agus Walsh, J. (eag.) An Meon Folaithe - Imleabhar ar idé-eolaíocht na Gaeilge in Éirinn agus in Albain.

Ó hIfearnáin, T., 2012. 'An Phleanáil Teanga agus an Beartas Teanga: Coincheapa agus Feidhm'. I: Ó hIfearnáin, T. agus Ní Neachtain, M. (eag.) An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc, 129-149.

Walsh, J., 2009. 'Fál ar an ngort i ndiaidh na foghla? Reachtaíocht teanga agus athneartú teanga in Éirinn'. I: Mac Donnacha, S., Uí Ghiollagáin, Á. (eag.) Language Rights and Language Law. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Ailt in Irisí / Nuachtáin

Eckert, P., 1988. 'Adolescent Social Structure and the Spread of Linguistic Change'. Language in Society, 17(2): 183-207.

Hickey, T., 2007. 'Children's language networks and teachers' input in minority language immersion: What goes in may not come out'. Language and Education, 21 (1): 46-65.

Mac Donnacha, J., 2000. 'An Integrated Language Planning Model'. Language Problems and Language Planning, 24(1), 11-35.

Ó Laoire, L., 2003. 'Fieldwork in common places: an ethnographer's experiences in Tory Island'. I: British Journal of Ethnomusicology, 12/I 2003, 113-36.

Romaine, S., 2006. 'Planning for the Survival of Linguistic Diversity'. Language Policy, 5, 441-473.

Romaine, S., 2007. 'Preserving Endangered Languages'. Language and Linguistic Compass, 1/1-2, 115-132.

Schupbach, D., 2009. 'Language Transmission Revisited: family type, linguistic environment and language attitudes'. International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 12(1), 15-30.

Strubell, M., 1996. 'Language planning and classroom practice in Catalonia'. Journal of Multilingual and Multicultural Development 1 7, 2-4, 262-275.

Walsh, J. & McLeod, W., 2008. 'An overcoat wrapped around an invisible man? Language legislation and language revitalisation in Ireland and Scotland'. Language Policy, 7, 21-46.

Foilseachán Corparáideach nó Rialtais

Department of Culture, Arts and Leisure, Research and Statistics Branch, 2012. 'Public Attitudes towards the Irish language in Northern Ireland 2012'. Ar fáil ag http://www.pobal.org/uploads/images/taighde%20DCAL%202.5.12.pdf

Ó Cinnseala, C., Ní Neachtain, M., Ó Neachtain, P., Mac Donncha, A., Ó Droighneáin, E. 2011. Plean Teanga do Cheantar an Spidéil 2011-2016: Comhlacht Forbartha an Spidéil Teo. Ar fáil ag http://www.scribd.com/doc/49345636/Plean-Teanga-do-Cheantar-an-Spideil-2011-2016

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., O'Brien, M., 2007. Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Baile Átha Cliath: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ar fáil ag: http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain/

Mac Greil, M., Rhatigan, F., 2009. The Irish Language and the Irish People. Maynooth: Survey and Research Unit, St Patrick's College, Maynooth. Ar fáil ag: http://www.mayococo.ie/en/Services/OifignaGaeilge/Publications/PDFFile,15645,en.pdf

Mac Donnacha, S., Ní Labhradha, M., Ní Ghriallais, C., 2004. Scéim Pleanála Teanga do Cheantar Chorr na Móna, an Mháma, na Fairche agus na Cloiche Brice. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Rialtas na hÉireann, 2010. Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, BÁC: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain/

Walsh, J., Rowland, H., 2009. Moltaí maidir le plean teanga do cheantar Mhaigh Cuilinn. Conradh na Gaeilge agus Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tráchtas Neamhfhoilsithe

Ní Dhúda, L., 2010. 'Pobal Gaeltachta an Bhreacbhaile: Cás-staidéar sochtheangeolaíoch agus eitneagrafaíoch sa bheartas teanga'. Tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Foinsí Leictreonacha

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. (Uimh. 32 de 2003). Ar fáil ag: http://acts.oireachtas.ie/ga.act.2003.0032.1.html

Acht na Gaeltachta, 2012. (Uimh. 53 de 2012). Ar fáil ag: http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2012/a34112full.pdf

An Phríomhoifig Staidrimh, 2012. This is Ireland: Highlights from Census 2011, part 1. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/census2011pdr/Census,2011,Highlights,Part,1,web,72dpi.pdf

'Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha'. Ar fáil ag: http://europass.cedefop.europa.eu

Ní Dhúda, L. 2013. An Ghaeilge: Cén Fáth? Ár bPlean Teanga. Ar fáil ag http://ionaddeirbhile.ie/an-ghaeilge/pleanail-teanga-lamhleabhar2013

Sapmap an Daonáirimh. Ar fáil ag http://census.cso.ie/sapmap/

Northern Ireland Statistics and Research Agency, 2011. 'Census 2011: Detailed Characteristics for Northern Ireland on Ethnicity, Country of Birth and Language.' Ar fáil ag www.nisra.gov.uk

Acmhainní Leictreonacha Eile

Foras na Gaeilge http://gaeilge.ie/
Údarás na Gaeltachta http://www.udaras.ie/
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta http://www.ahg.gov.ie/
An Roinn Cultúr, Ealaíon & Fóillíochta http://www.dcalni.gov.uk/

Gael Linn http://www.gael-linn.ie/
Glór na nGael http://www.glornangael.ie/
Oireachtas na Gaeilge http://www.antoireachtas.ie/
Cumann na bhFiann http://www.colaistenabhfiann.ie/
Conradh na Gaeilge www.cnag.ie
Gaelscoileanna www.gaelscoileanna.ie

TG4 http://www.tg4.ie/
Raidió na Gaeltachta http://www.rte.ie/rnag/
Raidió na Life http://www.raidionalife.ie/
Raidió Rí Rá http://www.rrr.ie/
Raidió Fáilte www.raidiofailte.com
Foinse http://www.foinse.ie/
Nuacht 24 http://www.nuacht24.com/
Beo http://www.beo.ie/
Tuairisc http://www.tuairisc.ie/

Focal.ie http://www.focal.ie/
Foclóir.ie www.focloir.ie www.focal.ie
Acmhainn.ie http://acmhainn.ie/
Abair http://www.abair.tcd.ie/
Fuaimeanna http://fuaimeanna.ie/ga/
Clár Doegen http://dho.ie/doegen/

Litriocht http://www.litriocht.com
Cló Iar-Chonnachta https://www.cic.ie/
Spraoi Online http://www.spraoi-online.com/
Cló Mhaigh Eo http://www.leabhar.com/
Údar http://udar.ie/

Seachtain na Gaeilge http://www.snag.ie
Gaillimh le Gaeilge http://www.gleg.ie/
Gnó Mhaigh Eo http://www.gnomhaigheo.ie/
Forbairt Feirste www.forbairtfeirste.com

Advocates of Indigenous California Language Survival www.aicls.org

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta www.cogg.ie
Forbairt Naíonraí Teoranta https://www.naionrai.ie/
Comhar Naíonraí na Gaeltachta http://www.comharnaionrai.ie/
Tús Maith www.tusmaithocd.ie
Nascanna www.nascanna.com
Comhluadar http://comhluadar.ie/

NÓTAÍ

NÓTAÍ

NÓTAÍ

NÓTAÍ

NÓTAÍ

NÓTAÍ

Cuirtear bunús na pleanála teanga os ár gcomhair sa lámhleabhar eolais seo mar bheart praiticiúil tacaíochta don phobal teanga. Cuideoidh an fhaisnéis agus cur chuige an tsaothair le coistí pobail, eagraíochtaí teanga agus áisíneachtaí stáit a gcuid féin a dhéanamh de leas-chleachtais na pleanála teanga.

Tarraingíonn an t-údar ar léargais ón taighde idirnáisiúnta chomh maith le taithí phraiticiúil ar thograí bainistíochta teanga in Éirinn. Is féidir an lámhleabhar a úsáid mar áis tagartha agus mar threoircháipéis fheidhmeach a bhuíochas de struchtúr an tsaothair. Cuideoidh Roghanna leis an bpobal teanga tabhairt faoin gcineál seo oibre le misneach agus le muinín.

ISBN 978-0-9568451-3-9

0 799439 671638

Glór na nGael

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta